



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12954/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0322(CNS)

ECOFIN 869
FISC 190

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 529 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le praghsáil aistrithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 529 final.

Faoi iamh: COM(2023) 529 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.9.2023
COM(2023) 529 final

2023/0322 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

maidir le praghsáil aistrithe

{SWD(2023) 308-309}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is cuid den phacáiste ar a dtugtar ‘Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim’, nó ‘BEFIT’ é an togra seo. Áirítear sa phacáiste, in éineacht leis an togra seo maidir le praghsáil aistrithe lena gcomhtháthaítear príomhphrionsabail maidir le praghsáil aistrithe i ndlí an Aontais arb é is aidhm dóibh cuir chuige choiteanna áirithe a chur chun cinn do na Ballstáit, an dara togra ar leithligh lena leagtar síos tacar comhchoiteann rialacha chun bonn cánach grúpaí móra cuideachtaí san Aontas a ríomh.

Le praghsáil aistrithe déantar tagairt do shocrú praghsanna le haghaidh idirbhearta idir fiontair chomhlachaithe (i.e. comhaltaí den Fhiontar Ilnáisiúnta céanna - FIN) lena mbaineann aistriú maoine nó seirbhísí. Is éard atá i gceist le méid mór trádála domhanda aistrithe idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí, caipitil agus sócmhainní doláimhsithe (amhail maoin intleachtúil) laistigh de FIN; tugtar ‘idirbhearta inghrúpa’ ar aistrithe den sórt sin.

Ní gá go mbeadh na ‘hidirbhearta inghrúpa’ á rialú ag fórsaí an mhargaidh ach féadfaidh siad a bheith á stiúradh ag leasanna coiteanna an ghrúpa ina iomláine den chuid is mó. Ós rud é go mbíonn ríomhanna cánach bunaithe go ginearálta ar chuntais ar leibhéal an eintitis, leis na praghsanna nó na coinníollacha eile faoina ndéantar na hidirbhearta inghrúpa sin déanfar difear d’ioncam agus/nó do chostais na n-eintiteas ábhartha i ndáil leis na hidirbhearta sin, agus mar iarmhairt air sin, beidh tionchar acu ar an méid brabúis a thaifeadfaidh gach grúpeintiteas chun críoch cánach. Le praghas níos airde, méadaítear ioncam an díoltóra agus laghdaítear ioncam an cheannaitheora. Le praghas níos ísle, laghdaítear ioncam an díoltóra agus méadaítear ioncam an cheannaitheora. Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag an bpraghas aistrithe ar bhonn cánach thír an díoltóra agus thír an cheannaitheora araon a bhfuil baint acu le hidirbheart trasteorann.

Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an praghas iomchuí a bhunú, ar a dtugtar an ‘praghas aistrithe’, le haghaidh aistrithe inghrúpa. Is é ‘praghsáil aistrithe’ an téarma ginearálta le haghaidh idirbhearta idir páirtithe gaolmhara a phraghsáil.

De réir na gcaighdeán idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, a d’fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)¹, ní mór idirbhearta trasteorann idir eintitis ghaolmhara de chuid grúpa ilnáisiúnta a phraghsáil ar an mbonn céanna le hidirbhearta idir tríú páirtithe faoi imthosca inchomparáide. Tugtar ‘prionsabal an fheidhmithe neamhspleách’ air sin agus léirítear é in Airteagal 9 (Fiontair Chomhlachaithe) de Shamhailchoinbhinsiún ECFE maidir le Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal².

Mar sin féin, ní leagtar amach le hAirteagal 9 rialacha mionsonraithe maidir le praghsáil aistrithe. Le himeacht ama, d’fhorbair ECFE Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe³ lena dtugtar treoraíocht maidir le brí agus cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách. Forbraíodh na treoirlínte sin mar ionstraim neamhcheangailteach arb é is

¹ Féach suíomh gréasáin ECFE: <https://www.oecd.org/>.

² Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal (<https://www.oecd.org/ctp/treaties/model-tax-convention-on-income-and-on-capital-condensed-version-20745419.htm>).

³ Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe (<https://www.oecd.org/tax/transfer-pricing/oecd-transfer-pricing-guidelines-for-multinational-enterprises-and-tax-administrations-20769717.htm>).

aidhm di cuidiú le FINanna agus le húdaráis fhioscacha réitigh a fháil ar chásanna praghsála aistrithe lena laghdaítear coinbhleachtaí agus lena gcuirtear teorainn le dlíthíocht. Foilsíodh Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe den chéad uair in 1995 agus déantar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

Ní mheastar go gcruthaítear córas praghsála aistrithe intíre le hAirteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún ECFE mura bhfuil prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ionchorpraithe sa dlí náisiúnta. Go deimhin, tuigtear go ginearálta nach bhfuil Airteagal 9 ‘féin- fhorghníomhaitheach’ maidir le cur i bhfeidhm intíre. Mar sin féin, bíonn reachtaíocht intíre i bhfeidhm ag dlínsí de ghnáth lena n- áirithítear roinnt comhchuibhithe maidir le bunphrionsabail, i gcomhréir le caighdeán an fheidhmithe neamhspleách, fiú más rud é nach comhionann an cur i bhfeidhm ar fud an domhain. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh a dtreoraíocht riaracháin agus/nó rialacháin féin i bhfeidhm ag dlínsí chun míniú níos fearr a thabhairt ar na forálacha náisiúnta agus chun treoraíocht a sholáthar maidir lena léirmhíniú.

Eascaíonn réasúnaíocht an togra seo as an bhfíoras gur comhaltaí de ECFE iad beagnach gach Ballstát freisin⁴ agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad tiomanta prionsabail agus moltaí ECFE a leanúint. Mar sin féin, d’ainneoin an tiomantais pholaitiúil ó thromlach na mBallstát, ní hionann stádas agus ról Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ó Bhallstát go Ballstát faoi láthair. Ina theannta sin, ar leibhéal an Aontais, níl rialacha maidir le praghsáil aistrithe comhchuibhithe trí ghníomhartha reachtacha faoi láthair, cé go bhfuil reachtaíocht intíre i bhfeidhm ag na Ballstáit uile lena ndéantar foráil maidir le cur chuige comhchoiteann i leith na mbunphrionsabal. Mar sin féin, níl sé sin ailínithe go hiomlán. Ós rud é go bhfuil discríd nach beag ag gach Ballstát i dtaca le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, tá castacht agus deis mhíchothrom iomaíochta ann do ghnólachtaí.

Mar shampla, léirítear le reachtaíocht intíre na mBallstát difríochtaí sa sainmhíniú ar ‘fhiontair chomhlachaithe’ agus go háirithe, maidir le coincheap an ‘rialaithe’ arb é an réamhchoinníoll é chun praghsáil aistrithe a chur i bhfeidhm de ghnáth. Cuireann Ballstáit áirithe tairseach 25 % i bhfeidhm agus cuireann Ballstáit eile tairseach scairsheilbhe 50 % i bhfeidhm a mhéid a bhaineann lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an critéar maidir le rialú á chomhlíonadh. Mar gheall air sin, bíonn neamhchinnteacht chánach, costais chomhlíontachta arda chomh maith le díospóidí dlíthiúla coitianta fadálacha ar ghnólachtaí as a n- eascraíonn, i measc nithe eile, go mbíonn méideanna suntasacha táillí dlíthiúla ann agus go gcruthaítear bacainní ar oibríochtaí trasteorann agus rioscaí arda a bhaineann le cánachas dúbailte agus/nó le róchánachas.

Mar gheall ar an riosca a bhaineann le cánachas dúbailte agus róchánachas do ghnólachtaí a oibríonn ar leibhéal trasteorann, bíonn easpa deimhneachta chánach ann mar gheall ar dhíospóidí chánach a d’fhéadfadh a bheith ann⁵ idir údaráis fhioscacha na mBallstát éagsúil i gcásanna ina nglacann siad tuairimí difriúla i ndáil le láimhseáil idirbhearta shonraigh laistigh dá gcóras chánach corparáide. I ngeilleagar domhanda atá níos domhandaithe agus níos iomaíche go leanúnach, is mó an gá atá le tuilleadh deimhneacht chánach sa Mhargadh Aonair. Dá bhrí sin, chun deimhneacht chánach a mhéadú maidir lena ngnóthaí chánach, féachann roinnt gnólachtaí le rialuithe chánach a fháil ó údarás fioscach i leith láimhseáil idirbhearta áirithe. Más rialú aontaobhach é an rialú chánach, áfach, féadfaidh Ballstáit eile lena mbaineann agóid

⁴ Ní comhaltaí de ECFE iad Málta, an Chipir, an Bhulgáir ná an Rómáin.

⁵ Chuir gnóthas mór in iúl freisin gur tháinig méadú ar dhíospóidí chánach a bhaineann le praghsáil aistrithe laistigh den Aontas agus le deireadh a chur le cáin shiarchoinneálach.

a dhéanamh fós in aghaidh láimhseáil chomhaontaithe na n- idirbheart sin. Dá bhrí sin, fiú nuair a fhaightear rialú cánach aontaobhach, tá fíorbhaol ann maidir le díospóidí cánach agus maidir le cánachas dúbailte nó rócháinachas a d'fhéadfadh a bheith ann.

As castacht na rialacha maidir le praghsáil aistrithe agus a gcur chun feidhme difriúil i ndlí náisiúnta na mBallstát, eascraíonn roinnt fadhbanna eile:

- **Aistriú brabúis agus seachaint cánach**⁶: is féidir praghsanna aistrithe a ionramháil go héasca chun brabús a aistriú agus is féidir iad a úsáid i gcomhthéacs scéimeanna um phleanáil ionsaitheach cánach.
- **Dlíthíocht**⁷ **agus cánachas dúbailte**⁸: tá praghsáil aistrithe níos suibíachtúla ná réimsí eile cánachais dhírigh agus indírigh agus, ar an gcúis sin, bíonn sí leochaileach do dhíospóidí toisc nach mbíonn leas coiteann ná léirmhíniú coiteann ag riaracháin chánach i gcónaí. Is amhlaidh é sin óir, chun cánachas dúbailte a chosc, i ndiaidh coigeartú príomhúil (suas) a bhfuil bunús maith leis ag údarás fioscach, ba cheart don údarás eile coigeartú comhfhreagrach (suas) a dhéanamh go hidéalach. Tugann an méid sin le fios go mbeadh ar an dara húdarás fioscach a bhonn cánach a laghdú dá réir, agus is dócha go seachnódh údarás fioscach an rogha sin i gcás inarbh fhéidir.
- **Costais chomhlíontachta arda**: Is costas mór é cánachas dúbailte cheana féin do ghnólachtaí a oibríonn ar leibhéal trasteorann. Ina theannta sin, is mór na costais chomhlíontachta cánach⁹ a bhaineann le praghsáil aistrithe freisin. Eascraíonn na

⁶ Ag tús thionscadal BEPS in 2013, measann ECFE, cé go n- aithníonn sé na srianta modheolaíochta agus sonraí, go bhféadfadh scála na gcaillteanas ioncaim domhanda ó cháin chorparáide i ngeall ar chleachtais BEPS a bheith idir USD 100 agus 240 billiún in aghaidh na bliana (féach <https://www.oecd.org/tax/beps-project-explanatory-statement-9789264263437-en.htm>); Sainithníodh ionramháil Pragsála Aistrithe mar cheann de chleachtais BEPS. Go háirithe, bhí Gníomhaíochtaí 8-10 de thionscadal BEPS tiomnaithe d'fheabhas a chur ar an treoraíocht maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách chun a áirithiú gurb é an fíorchás eacnamaíoch seachas an fíorchás ar pháipéar is cúis leis na torthaí a bhaint amach. I ndáil leis sin, leis an tuarascáil chríochnaitheach ar Ghníomhaíochtaí 8-10 féachtar le torthaí pragsála aistrithe a ailíniú le cruthú luacha eacnamaíoch ghrúpa FIN.

⁷ Léirítear le staidreamh oifigiúil ECFE go bhfuil méadú 33 % tagtha ar líon na nósanna imeachta um chomhaontú frithpháirteach (MAPanna) atá ar feitheamh agus a cuireadh i ngníomh chun an cánachas dúbailte a eascraíonn as cásanna Pragsála Aistrithe a réiteach, i gcomparáid le 2016 (ba é 6 000 toradh an fhardail MAP ag deireadh 2021 in aghaidh an 4 500 cás MAP a bhí ar feitheamh ag deireadh 2016). Tá staidreamh MAP ECFE le fáil ag: <https://www.oecd.org/tax/dispute/mutual-agreement-procedure-statistics-2021-inventory-trends.htm#tpcases>. Léirítear le staidreamh oifigiúil an Aontais maidir le MAPanna faoin gCoinbhinsiún Eadrána go bhfuil méadú 17 % tagtha ar dhíospóidí pragsála aistrithe idir na Ballstáit i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ba é 2 213 fardal iomlán MAP na mBallstát ag deireadh 2020 agus ba é 1 889 fardal MAP iomlán na mBallstát ag deireadh 2019). Tá staidreamh MAP an Aontais le fáil anseo: https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/statistics-apas-and-maps-eu_en.

⁸ De réir suirbhé ar phraghsáil aistrithe a d'fhoilsigh Ernst & Young (agus atá ar fáil ag http://www.ey.com/global/content.nsf/International/2007-2008_Transfer_Pricing_Global_Survey), ceann de na cúiseanna a measann gnó gur saincheist tosaíochta chánach í praghsáil aistrithe is ea an nasc atá aici le cánachas dúbailte. De réir an tsuirbhé (rinneadh agallaimh le 850 cuideachta ilnáisiúnta ar fud 24 thír (ar Ballstát an Aontais iad 11 díobh)), thuairiscigh gnólachtaí go raibh cánachas dúbailte buan ann mar thoradh ar 42 % de na cásanna coigeartaithe. Is amhlaidh é sin go príomha mar gheall nach ndéanann gnólachtaí cásanna a chur ar aghaidh go ginearálta chuig nósanna imeachta um chomhaontú frithpháirteach, toisc go measann siad go bhfuil na nósanna imeachta rófhada agus róchostasach.

⁹ De réir an Staidéir ar Cháin Chorparáide a rinne an Coimisiún Eorpach in 2001 ('Cánachas sa Mhargadh Aonair'. SEC (2001) 582 final) Thuairiscítear go gcaitheann fiontair mheánmhéide ilnáisiúnta thart ar EUR 1 mhilliún go EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana chun na rialacha maidir le praghsáil

costais sin as an oibleagáid atá ar ghnólachtaí a chinneadh cé na praghsanna a d'fhéadfaí a mheas mar phraghsanna ar neamhthuilleamaí, staidéir a dhéanamh agus an doiciméadacht ghaolmhar a thiomsú agus a choinneáil ar bun/a thabhairt cothrom le dáta.

Leis na bacainní cánach sin ar ghnólachtaí cuirtear bac ar fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair agus cuirtear isteach ar an ionchas a acmhainneacht a bhaint amach i dtéarmaí gnóthachain éifeachtúlachta. Dá thoradh sin, déantar dochar d'iomaíochas an Mhargaidh Aonair.

Is é is aidhm don togra seo rialacha cánach a shimpliú trí dheimhneacht chánach a mhéadú do ghnólachtaí san Aontas, rud a laghdódh an riosca a bhaineann le dlíthíocht agus cánachas dúbailte agus na costais chomhlíontachta chomhfhreagracha agus a chuirfeadh feabhas ar iomaíochas agus éifeachtúlacht an Mhargaidh Aonair dá réir. Toradh soiléir a bhí ar an gcomhairliúchán spriocdhírthe agus ar an gcomhairliúchán poiblí ab ea an fonn gnó maidir le cáin, agus ar bhealach níos leithne, deimhneacht dhlíthiúil. Bhí an deimhneacht chánach ina hardtosaíocht i gcónaí ag gnólachtaí, agus is minic a tharraingítear aird uirthi mar ábhar imní atá níos tábhachtaí ná an ráta cánach. Is saincheist é sin atá ag éirí níos criticiúla de bharr an lín mhóir athchóirithe uaillmhianacha ar an gcánachas corparáideach idirnáisiúnta le blianta beaga anuas.

Baintear an cuspóir sin amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: (1) prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a ionchorprú i ndlí an Aontais; (2) na príomhrialacha maidir le praghsáil aistrithe a chomhchuibhiú; (3) ról agus stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a shoiléiriú; agus (4) an deis a chruthú, laistigh den Aontas, rialacha ceangailteacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hábhair shonracha a bhaineann le praghsáil aistrithe faoi chuimsiú Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.

Dhéanfaí foráil leis an togra maidir le cineálacha cur chuige coiteanna agus comhsheasmhacha a fhorbairt de réir a chéile i measc údaráis fhioscacha na mBallstát i leith léirmhíniú agus cur i bhfeidhm rialacha maidir le praghsáil aistrithe trí phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a ionchorprú i ndlí an Aontais agus trí ról agus stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a shoiléiriú. Thairis sin, leis an ionchas a bhaineann le rialacha ceangailteacha comhchoiteanna a leagan síos do na Ballstáit maidir le hidirbhearta sonracha faoi chuimsiú Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, ba cheart feabhas a chur ar athléimneacht gnólachtaí san Aontas, saobhadh a laghdú agus rannchuidiú le cothrom na Féinne sa Mhargadh Aonair.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra sin le haghaidh Treorach go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais atá ann cheana i réimse an chánachais dhírigh. Beart leantach is ea é i ndiaidh iarrachtaí an Choimisiúin agus an Aontais mar chuid dá chlár oibre um an mbeartas cánach chun creat cánach láidir éifeachtúil cóir a chruthú, lena soláthrófar ioncaim láidre agus lena gcothófar fás mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Cánachas Gnó sa 21^ú céad in 2021¹⁰. Tagann an tionscnamh beartais sin leis na hiarrachtaí chun deimhneacht chánach agus cothrom na Féinne a sholáthar do ghnólachtaí, agus áirithítear leis an tráth céanna go mbeidh rochtain ag na rialtais náisiúnta ar ioncaim ó cháin chorparáide a bheidh cóir agus cobhsaí.

¹⁰ aistrithe a chomhlíonadh. Tabhaíonn fiontair mhóra ilnáisiúnta costais chomhlíontachta a bhaineann le praghsáil aistrithe de thuairim agus EUR 4 milliún go EUR 5,5 milliún in aghaidh na bliana. Teachtaireacht maidir le Cánachas Gnó don 21^ú Céad, féach: https://taxation-customs.ec.europa.eu/communication-business-taxation-21st-century_en.

In 2016, glacadh an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (ATAD)¹¹ chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme ar bhealach comhordaithe sna Ballstáit príomhbhearta in aghaidh seachaint cánach a eascraíonn as gníomhaíochtaí inmheánach an Tionscadail um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis agus chun roinnt rialacha sonracha agus ginearálta in aghaidh mí- úsáid cánach a leagan síos. Leasaíodh in 2017 í chun tuilleadh rialacha frithsheachanta a áireamh maidir le neamhréireanna idir córais chánach¹².

Go comhuaineach leis sin, rinneadh athbhreithniú ar Threoir an Chomhair Riaracháin (DAC)¹³ ó glacadh in 2011 í, agus leathnaíodh roinnt uaireanta í chun faisnéis a bhaineann le cáin a mhalartú ar bhonn mórsála agus go caoithiúil idir údarais fhioscacha ar fud an Aontais chun tacú le dlíthe cánach na mBallstát a fhorfheidhmiú.

Go háirithe, baineann DAC3¹⁴ agus DAC6¹⁵ go sonrach leis an togra seo mar gheall ar a nasc le praghsáil aistrithe. Faoi DAC3, déanann údarais náisiúnta inniúla, i measc nithe eile, faisnéis a bhaineann le Réamh- chomhaontuithe Praghsála (APAnna), mar a thugtar orthu, a mhalartú go huathoibríoch¹⁶. Le DAC6 rialaítear an t- uathmalartú faisnéise maidir le socruithe intuairiscithe trasteorann arna dtuairisciú ag idirghabhálaithe nó ag an gcáiníocóir ábhartha. Saináithnítear na socruithe intuairiscithe trasteorann ar bhonn roinnt ‘saintréithe’, lena n- áirítear táscairí difriúla i ndáil le riosca ionchasach a bhaineann le seachaint cánach. Baineann saintréith E le socruithe atá ábhartha maidir le praghsáil aistrithe.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an aschur ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe (JTPF)¹⁷ a bhí ann roimhe seo, ar grúpa saineolaithe é a bhunaigh an Coimisiún in 2002 chun réitigh phragmatacha neamhreachtacha a mholadh ar fhadhbanna praiticiúla a bhaineann le cleachtais praghsála aistrithe san Aontas. D’oibrigh JTPF faoi chuimsiú Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe agus d’oibrigh sé ar bhonn comhthola. Agus an Coimisiún ag cur leis an obair a rinne JTPF, thionscain sé sraith beart comhordaithe, idir threoraíocht nó mholtaí, a d’fhorghnóigh an Chomhairle ina dhiaidh sin. Ar cheann acu sin tá an Cód Iompair maidir le doiciméadacht na praghsála aistrithe

¹¹ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha in aghaidh cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32016L1164>).

¹² Treoir (AE) 2017/952 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1164 a mhéid a bhaineann le neamhréireanna hibrideacha le tríú tíortha (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32017L0952>).

¹³ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n- aisghairtear Treoir 77/799/CEE (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX%3A32011L0016>).

¹⁴ Treoir (AE) 2015/2376 ón gComhairle an 8 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE a mhéid a bhaineann leis an uathmalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX%3A32015L2376>).

¹⁵ Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE a mhéid a bhaineann leis an uathmalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais i ndáil le socruithe intuairiscithe trasteorann (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32018L0822>).

¹⁶ Tagraíonn APAnna d’aon chomhaontú, teachtaireacht nó d’aon ionstraim nó gníomh eile a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu, lena gcinntear roimh ré tacar iomchuí critéar chun praghas aistrithe idirbheart trasteorann idir fiontair chomhlachaithe a leagan síos nó chun brabúis a shannadh do bhuanbhunaíocht.

¹⁷ Féach Fóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe (JTPF) anseo: https://taxation-customs.ec.europa.eu/joint-transfer-pricing-forum_en.

d'fhiontair chomhlachaithe san Aontas Eorpach (TPD AE)¹⁸, rud a leanann na Ballstáit den chuid is mó. Chuaigh sainordú JTPF in éag i mí an Mhárta 2019 agus ní dhearnadh é a athnuachan.

Tá an Coinbhinsiún Eadrána¹⁹ comhlántach leis an togra freisin. Bunaítear nós imeachta leis chun díospóidí a réiteach i gcás ina dtarlaíonn cánachas dúbailte idir fiontair i mBallstáit éagsúla mar thoradh ar choigeartú suas ar bhrabúis de chuid fiontair Ballstáit amháin. Cé go n-áirítear i bhformhór na gcomhaontuithe déthaobhacha um chánachas dúbailte foráil maidir le coigeartú síos comhfhreagrach ar bhrabúis an fhiontair chomhlachaithe lena mbaineann, is gnách nach bhforchuirtear oibleagáid cheangailteach leo ar na Stáit Chonarthacha deireadh a chur leis an gcánachas dúbailte. Déantar foráil leis an gCoinbhinsiún Eadrána maidir le deireadh a chur le cánachas dúbailte trí chomhaontú idir na stáit chonarthacha, lena n-áirítear, más gá, trí thagairt do thuairim ó chomhlacht comhairleach neamhspleách. Dá bhrí sin, leis an gCoinbhinsiún Eadrána cuirtear feabhas ar na coinníollacha le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann sa Mhargadh Inmheánach.

Sa bhreis ar an gCoinbhinsiún Eadrána, is féidir leis na cáiniocóirí a bheith ag brath ar na rialacha nua maidir le réiteach díospóidí cánach a bhfuil feidhm acu ón 1 Iúil 2019. Leagtar síos iad sa Treoir ón gComhairle maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach²⁰ agus déantar feabhas mór leo i dtaobh díospóidí cánach a réiteach, toisc go n-áirithítear leo gur féidir le gnólachtaí agus saoránaigh díospóidí a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhaontuithe cánach a réiteach ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Cumhdaítear leis na rialacha nua freisin saincheistanna a bhaineann le cánachas dúbailte a tharlaíonn nuair a éilíonn dhá thír nó níos mó an ceart chun cáin a ghearradh ar an ioncam céanna nó ar na brabúis chéanna de chuid cuideachta nó duine. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, mar gheall ar neamhréir idir rialacha náisiúnta nó léirmhínithe éagsúla ar na rialacha maidir le praghsáil aistrithe i gcomhaontú cánach déthaobhach.

Ar deireadh, i mí Iúil 2020, gheall an Coimisiún Creat Comhlíontachta Comhoibritheach AE a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit leasmhara, ar a dtugtar Cur Chuige Eorpach i leith Iontaobhais agus Comhair (ETACA)²¹ go coitianta. Is é is cuspóir dó creat soiléir uile- Aontais a sholáthar maidir le hidirphlé coiscteach idir údaráis fhioscacha agus cáiniocóirí gnó chun idirphlé coiscteach a spreagadh as a dtiocfaidh measúnú riosca ardleibhéil ag na húdaráis fhioscacha ar an mbeartas praghsála aistrithe arna ghlacadh ag fiontair ilnáisiúnta mhóra. Dá thoradh sin, faigheann cuideachtaí tacaíocht maidir lena n-idirnáisiúnú chun saincheistanna maidir le cánachas dúbailte a sheachaint agus chun costais chomhlíontachta cánach a laghdú. Tugadh céim phíolótach den chlár i gcrích i mí an

¹⁸ Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 27 Meitheamh 2006 maidir le cód iompair i ndáil le doiciméadacht na praghsála aistrithe le haghaidh fiontair chomhlachaithe san Aontas Eorpach (TPD AE), 2006/C 176/01, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2006.176.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2006%3A176%3AFULL

¹⁹ Coinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (90/463/CEE).

²⁰ Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach (<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX%3A32017L1852>).

²¹ Féach suíomh gréasáin ETACA anseo: https://taxation-customs.ec.europa.eu/eu-cooperative-compliance-programme/european-trust-and-cooperation-approach-etaca-pilot-project-mnes_en.

Mhárta 2023 agus tá meastóireacht á déanamh ag seirbhísí an Choimisiúin faoi láthair ar an ngá atá leis an gclár a rolladh amach ar bhonn buan agus conas é sin a dhéanamh.

Ar deireadh, leanann an Coimisiún dá thacaíocht do chur chun feidhme a chláir oibre maidir le cánachas cothrom agus simplí, amhail na Treoracha thuasluaite trína Ionstraim Tacaíochta Teicniúla²² agus trí chláir eile de chuid an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo le haghaidh Treorach i gcomhréir le straitéis FBM an Choimisiúin maidir le cánachas agus FBMan²³. Measann formhór na FBMan gurb iad cúrsaí cánachais an réimse beartais is mó ualach a dhéanann difear dóibh. Tá roinnt mhaith deacrachtaí ag FBMan maidir le cúrsaí cánach, mar shampla: cánachas díreach (ioncam, caipiteal, cánachas dubailte etc.), costais chomhlíontachta cánach agus an t- ualach riaracháin a eascraíonn as rialacha maidir le cáin. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra seo cur chuige coiteann a chruthú i leith praghsáil aistrithe agus, dá réir sin, tuilleadh deimhneacht chánach a chruthú sa réimse sin ar fud an Aontais le haghaidh cuideachtaí gan beann ar a méid, tairbheoidh FBMan freisin de chur chuige níos comhchuibhithe a bhféadfadh laghdú ar chostais chomhlíontachta a bheith mar thoradh air chomh maith le deimhneacht mhéadaithe *vis- à- vis* údaráis fhioscacha sna Ballstáit éagsúla.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí do thionscnaimh reachtacha maidir le cánachas. Cé nach ndéantar aon tagairt shainráite don chánachas díreach san airteagal seo, déantar tagairt ann do threoracha a eisiúint maidir le comhfhogasú dlíthe náisiúnta a dhéanann difear go díreach do bhunú nó d'fheidhmiú an mhargaidh aonair. Leantar de sin gurb iad na treoracha, faoi Airteagal 115 CFAE, an ionstraim dlí iomchuí don Aontas sa réimse seo. Bunaithe ar Airteagal 288 CFAE, beidh treoracha ceangailteach maidir leis an toradh atá le ghnóthú ar na Ballstáit, ach fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar síos in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna a bheartaítear a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú astu féin agus ina theannta sin, de bharr scála nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, is féidir na haidhmeanna sin a ghnóthú ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Fágann cineál trasteorann na faidhbe atá i ngeall go dteastaíonn tionscnamh coiteann ar fud an mhargaidh aonair. Ós rud é gur gné thrasteorann í an phraghsáil aistrithe, ní féidir dul i ngleic léi ach amháin trí reachtaíocht a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, tá an tionscnamh seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ós rud é nach gcuirfeadh gníomhaíocht aonair neamhchomhordaithe ag na Ballstáit ach le hilroinnt an chreata dhlíthiúil

²² Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, IO L 57, 18.2.2021, lch. 1.

²³ Féach an Suíomh Gréasáin maidir le Cánachas agus FBMan: https://single-market-economy.ec.europa.eu/smes/sme-strategy/taxation-and-smes_en.

don praghsáil aistrithe atá ann faoi láthair agus nach n- éireodh léi na torthaí atá beartaithe a bhaint amach. Is le cur chuige coiteann le haghaidh na mBallstát uile is mó a bheadh seans ann na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach.

Tá tionscnamh reachtach dá bhrí sin i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

Ní ghabhann na bearta atá beartaithe thar an leibhéal fósta cosanta is gá don Mhargadh Aonair agus, dá bhrí sin, tá siad i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta. Áirithítear cur chuige comhchoiteann leis an Treoir maidir le bunphrionsabail na praghsála aistrithe agus soláthraítear rialacha spriocdhírthe léi maidir le hidirbhearta sonracha inar féidir an breisluach is mó don Aontas a chruthú. Ba cheart go dtiocfadh cur i bhfeidhm agus léirmhíniú ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách nach bhfuil chomh ilroinnte céanna ar fud an Aontais as caighdeán coiteann maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus as cur chuige níos comhchuibhithe i leith na praghsála aistrithe, agus ba cheart go laghdódh sé sin díospóidí, dlíthíocht agus na costais chomhlíontachta fhoriomlána do ghnólachtaí a oibríonn ar fud an Aontais.

I bhfianaise an mhéid sin, ní théann an togra le haghaidh Treorach thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach agus, dá bhrí sin, tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Is togra le haghaidh Treorach é an togra, arb í an t- aon ionstraim atá ceadaithe faoin mbunús dlí mar a fhorordaítear le hAirteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post* /seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní raibh aon reachtaíocht de chuid an Aontais ann roimhe seo i réimse na praghsála aistrithe agus dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex-post* ná aon seiceáil oiriúnachta.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Foilsíodh glao ar fhianaise agus suirbhé ar líne maidir le tionscnamh leathan BEFIT ón 13 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 26 Eanáir 2023. Ar an bhforiomlán, fuair na gníomhaíochtaí comhairliúcháin 123 ionchur. Ina measc siúd, bhí 46 ionchur aiseolais, 77 bhfreagra ar an suirbhé comhairliúcháin phoiblí, ar aighneachtaí scríofa a bhí i gceist le 29 gcinn díobh. Rinneadh gach ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara a mheas sa mheasúnú tionchair.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle agus fuair sé ionchur ó fhoinsí éagsúla le linn don togra a bheith á ullmhú. I measc nithe eile, bhraith an Coimisiún ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí, chuaigh sé i gcomhairle le rúnaíocht ECFE agus fuair sé ionchur ón lucht acadúil atá speisialaithe i réimse na praghsála aistrithe trí dhíospóireacht phainéil fhíorúil a eagrú.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun tionscnamh BEFIT a ullmhú, agus tá an togra seo ina chuid de. Cuireadh an dréacht- tuarascáil ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnschrúdú Rialála (RSB) an Choimisiúin an 26 Aibreán 2023. Tar éis cruinniú a tionóladh an 24 Bealtaine 2023, thug an Bord um Ghrinnschrúdú Rialála tuairim dhearfach a raibh agúis áirithe léi an 26 Bealtaine 2023, inar moladh roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas breise a dhéanamh maidir leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tionscnamh foriomlán BEFIT. Níor tugadh sonraí sonracha ar bith eile a bhaineann leis an togra seo cothrom le dáta. Foilsíodh an achoimre feidhmiúcháin a ghabhann leis an measúnú tionchair faoin nasc seo a leanas: **[le cur isteach níos déanaí]**

Scrúdaíodh an rogha bhunlíne (i.e. gan athrú) agus dhá rogha beartais sa mheasúnú tionchair, arna athbhreithniú de réir na moltaí ón mBord um Ghrinnschrúdú Rialála:

Rogha 1: Prionsabal ECFE an fheidhmithe neamhspleách agus Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a áireamh i ndlí an Aontais

Baineann an rogha seo le noirm na praghsála aistrithe laistigh den Aontas a chomhchuibhiú i bhfoirm reachtaíocht atá bunaithe ar phrionsabail. Dhéanfaí prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chomhtháthú i ndlí an Aontais. Ina theannta sin, leis an dlí shoiléireofaí stádas agus ról Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe agus dhéanfaí tagairt don leagan is déanaí díobh maidir le léirmhíniú phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách. De réir éifeachta, dhéanfaí uirlis cheangailteach de na Treoirlínte ach bhainfeadh sé sin go heisiach leis an leagan (is déanaí) a dhéanfaí a chomhtháthú i ndlí an Aontais; ní bhainfeadh se le haon athbhreithniú orthu. Is é an aidhm a bheadh ann a áirithiú go leanfadh na Ballstáit an prionsabal céanna agus go mbeadh cur chuige comhchoiteann acu i leith praghsáil aistrithe a chur i bhfeidhm.

Rogha 2: Prionsabal ECFE an fheidhmithe neamhspleách agus Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a áireamh i ndlí an Aontais chomh maith le cineálacha cur chuige comhchoiteanna a fhorbairt de réir a chéile i leith an chleachtais a bhaineann le praghsáil aistrithe a chur i bhfeidhm.

Cuireann an rogha seo le Rogha 1 agus ní hamháin go mbeadh sé d'aidhm aici a áirithiú go gcuirfidh Ballstáit an Aontais an prionsabal céanna i bhfeidhm ach rachadh sí céim níos faide maidir le sásra a chur chun feidhme lena n-áiríteofaí comhordú ar thuairimí agus léirmhínte ar Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe i measc na mBallstát.

Mar is amhlaidh faoi Rogha 1, dhéanfaí prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chomhtháthú i ndlí an Aontais agus shoiléireofaí leis an reachtaíocht ról agus stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, ach chomhlánófaí iad sin freisin le sásra chun a léirmhíniú agus a gcur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais a chomhordú. Ina theannta sin, áirítear leis sin roinnt forálacha lena leagtar síos na príomhrialacha maidir le praghsáil aistrithe. Leis an rogha seo, bhunófaí rialacha frithsheachanta sonracha maidir le praghsáil aistrithe. D'éileofaí léi freisin go mbunófaí grúpa saineolaithe chun an léirmhíniú ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a phlé agus a chomhaontú chun léirmhíniú agus cur chuige comhordaithe a áirithiú i leith fadhbanna praiticiúla a eascraíonn as cleachtais praghsála aistrithe san Aontas.

Cuireadh an dá rogha i gcomparáid leis na critéir seo a leanas: éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair gurbh í rogha 2 an rogha thosaíochta.

Léirítear an rogha 2 sa togra seo cé go bhfuil mionleasuithe i gceist. Ar an gcéad dul síos, ní áirítear leis an togra aon riail frithsheachanta shonrach. Mar sin féin, tugtar aghaidh sa togra ar shaincheist na gcoigeartuithe síos mar riail chórasach i gcomhréir le cur chuige Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe anois rialacha ceangailteacha maidir le hidirbhearta áirithe a eisiúint i bhfoirm gníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle tar éis togra a fháil ón gCoimisiún.

Measann an Coimisiún go dtiocfaidh tionchar eacnamaíoch dearfach chun cinn mar gheall ar chostais chomhlíontachta níos ísle ar leibhéal na n- údarás físcach agus an cháiniócóra mar gheall ar níos mó deimhneacht chánach agus níos lú díospóidí cánach dá réir. Tá coinne leis go mbeidh an tionchar sóisialta agus comhshaoil sách teoranta.

Ceartha bunúsacha

Déantar ceartha bunúsacha, go háirithe na ceanglais a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS')²⁴, a choimirciú. Ní dhéanfar na sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin a mhéid agus a fhad is gá dá n- údarais inniúla chun a áirithiú go gcomhlíonfar a reachtaíocht cánach náisiúnta agus go maolófar an riosca a bhaineann le calaois chánach, imghabháil cánach nó seachaint cánach sna Ballstáit, go háirithe trí chur i bhfeidhm ceart na rialacha maidir le praghsáil aistrithe a chumhdaítear sa Treoir seo a fhíorú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Áirítear ar phríomhimpléachtaí buiséadacha an tionscnaimh don Choimisiún acmhainní daonna breise chun na cúraimí nua a chumhdach agus chun sainghrúpa a chruthú. Beidh an sainghrúpa sin comhdhéanta de shaineolaithe i réimse na praghsála aistrithe agus soláthróidh sé eolas agus saineolas don Choimisiún chun a mheas cé na gnéithe ba cheart a chumhdach sna gníomhartha cur chun feidhme a mholfaidh sé don Chomhairle. Leis an ráiteas airgeadais reachtach, soláthraítear sonraí maidir leis na hacmhainní daonna agus riaracháin a cheanglaítear.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir 5 bliana tar éis do rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir teacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

Chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach, soláthróidh na Ballstáit sonraí don Choimisiún ar bhonn bliantúil ina léireofar faisnéis ábhartha maidir le feidhmiú na Treorach. Déanfar an fhaisnéis ábhartha a shainiú trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta a luaitear in Airteagal 17 den togra.

²⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is féidir an togra a roinnt ina thrí chuid: (1) cumhdaítear leis an gcéad chuid prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuirfí an prionsabal sin i bhfeidhm; (2) leagtar síos leis an dara cuid na croí-eilimintí atá ábhartha chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm; agus (3) áirítear leis an tríú cuid sásra chun rialacha comhchoiteanna breise a leagan síos lena gcumhdaítear tacar teoranta ábhar lena soláthrófar tuilleadh simplithe agus tuilleadh deimhneacht chánach do cháiníocóirí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

(i) Prionsabal an fheidhmithe neamhspleách

An prionsabal

Sonraítear le hAirteagal 4, nuair nach bhfuil téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart trasteorann inghrúpa ar neamhthuilleamaí, nach mór iad a choigeartú chun na téarmaí agus na coinníollacha a leagfaí síos idir páirtithe neamhspleácha agus na brabúis a ngearrfaí cáin orthu dá réir a léiriú.

Chun críoch na Treorach seo, ba cheart déileáil le buanbhunaíocht mar fhiontar comhlachaithe agus, dá bhrí sin, tá an riail ghinearálta atá in Airteagal 4 ábhartha freisin maidir le brabús a shannadh do bhuanbhunaíocht. Mar thoradh air sin, ba cheart an ghnóthaíocht inmheánach idir an cheannoifig agus an buanbhunaíocht a chinneadh i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

Faoi phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, déantar tástáil ar phraghas na n-idirbheart idir fiontair chomhlachaithe ('praghsanna aistrithe') agus féadfar iad a choigeartú chun praghsanna idirbheart neamhrialaithe inchomparáide a léiriú.

Chun go mbeidh idirbheart faoi raon feidhme na rialach ginearálta dá bhforáiltear le hAirteagal 4, ní mór dó tarlú idir dhá eintiteas chomhlachaithe. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach sainmhíniú coiteann a bheith ann ar fhiontar comhlachaithe laistigh den Aontas. Áirítear le hAirteagal 5 an sainmhíniú ar fhiontar comhlachaithe nach mór do na Ballstáit a chur chun feidhme chun na rialacha maidir le praghsáil aistrithe a leagtar síos sa togra seo le haghaidh Treorach a chur i bhfeidhm.

Coigeartuithe

Is féidir coigeartuithe praghsála aistrithe a aicmiú in dhá phríomhchatagóir: (i) coigeartuithe praghsála aistrithe arna ndéanamh ag údarás fioscach tar éis tuairisceán cánach na cuideachta a chomhdú, ar féidir leo a bheith comhdhéanta de choigeartuithe príomhúla agus coigeartuithe comhfhreagracha agus (ii) coigeartuithe praghsála aistrithe arna ndéanamh ag an gcáiníocóir go deonach sula gcumhdaítear tuairisceán cánach na cuideachta, ar a dtugtar coigeartuithe cúitimh.

Le hAirteagal 6 soláthraítear rialacha maidir leis an mbealach ar cheart do na Ballstáit déileáil le coigeartuithe príomhúla agus le coigeartuithe comhfhreagracha. Baineann coigeartuithe príomhúla leis an méadú ar bhrabúis inchánach cuideachta, de thoradh idirbhearta trasteorann le fiontar comhlachaithe nach ndearnadh ar neamhthuilleamaí. Déantar coigeartuithe comhfhreagracha mar fhreagairt ar choigeartú príomhúil agus is é is aidhm dóibh deireadh a chur le haon chánachas dubailte a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar choigeartú príomhúil. Go deimhin, nuair a mhéadaíonn údarás fioscach brabúis inchánach cuideachta in aon dlínse chánach amháin (trí choigeartú príomhúil), d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartú

comhfhreagrach chun dliteanas cánach na cuideachta sin a ísliú sa dara dlínse chánach lena mbaineann.

Is é príomhchuspóir mhír 1 d'Airteagal 6 a áirithiú go bhfuil sásra leordhóthanach i bhfeidhm ag na Ballstáit chun é a chur ar a gcumas dóibh coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh nuair a dhéantar coigeartú príomhúil i ndlínse eile. I gcás nach bhfuil aon choigeartú comhfhreagrach ann, is dócha go bhfulaingeoidh cáiniocóirí a oibríonn ar leibhéal trasteorann cánachas dúbailte, agus is cás é sin ba cheart a sheachaint. I ndáil leis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh agus ba cheart dóibh breithniú ar gan teorainn a chur le coigeartú den sórt sin a dheonú i gcomhthéacs nósanna imeachta um chomhaontú frithpháirteach ach chomh maith leis sin, mar shampla, mar thoradh ar nós imeachta 'mear' nuair nach bhfuil aon amhras ann ach go bhfuil bunús maith leis an gcoigeartú príomhúil nó mar thoradh ar iniúchtaí comhpháirteacha.

D'fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ann nach ndéanfaítear coigeartú comhfhreagrach i roinnt cásanna. Níor cheart do na Ballstáit coigeartuithe comhfhreagracha a dheonú más rud é: (i) nach meastar go bhfuil an coigeartú príomhúil comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách; (ii) nach ngearrfar cáin ar mhéid brabús i ndlínse eile ar a raibh an fiontar comhlachaithe sa Bhallstát ábhartha faoi réir cánach cheana féin mar thoradh ar an gcoigeartú príomhúil; (iii) nuair atá baint ag dlínse tríú tír, mura bhfuil aon chomhaontú um chánachas dúbailte i bhfeidhm. In éagmais coigeartú príomhúil, ní féidir leis an mBallstát coigeartú síos a dhéanamh ach amháin más rud é (i) go bhfuil an coigeartú síos comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách; (ii) go bhfuil méid atá cothrom leis an gcoigeartú síos ar áireamh i mbrabús an fhiontair chomhlachaithe sa dlínse eile; (iii) gur seoladh teachtaireacht maidir leis an rún an coigeartú síos a dhéanamh chuig na dlínsí ábhartha. Is é is aidhm dó sin a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit a gceannasacht chánach náisiúnta a chaomhnú chomh maith leis an gceart chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an coigeartú príomhúil ar neamhthuilleamaí agus nach bhfuil cánachas dúbailte ná neamhchánachas dúbailte i gceist.

Sainmhínítear 'coigeartú cúitimh' i nGluais Threoirilínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe mar 'choigeartú ina dtuairiscíonn an cáiniocóir praghas aistrithe chun críoch cánach, ar praghas ar neamhthuilleamaí é, dar leis an gcáiniocóir, le haghaidh idirbheart rialaithe, cé go bhfuil an praghas sin éagsúil ón méid a mhuirearaítear iarbhír idir na fiontair chomhlachaithe'. Is cúis le cánachas dúbailte iad coigeartuithe cúitimh, áfach, toisc nach n-aithnítear iad i ngach dlínse ar an bhforas gur cheart na hidirbhearta iarbhír a léiriú sa tuairisceán cánach. Chun dlíthíocht a sheachaint agus chun cur chuige comhchoiteann a bhunú i leith coigeartú cúitimh laistigh den Aontas, soláthraítear le hAirteagal 7 na coinníollacha faoinar cheart do na Ballstáit coigeartú cúitimh a aithint. Tá an fhoráil seo á spreagadh agus ba cheart í a léirmhíniú i gcomhar le tuarascáil JTPF/009/FINAL/2013/EN²⁵ maidir le coigeartuithe cúitimh arna bhformheas ag Fóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe in 2013.

(ii) Croí- eilimintí coiteanna

Teorannú cruinn an chaidrimh tráchtála agus airgeadais

²⁵ Tuarascáil ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le coigeartuithe cúitimh (JTPF/009/FINAL/2013/EN): https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2016-09/jtpf_009_final_2013_en.pdf.

Foráiltear le hAirteagal 8 den Treoir nach mór torthaí praghsála aistrithe a chinneadh i gcomhréir le hiompar iarbhair na bpáirtithe gaolmhara i gcomhthéacs téarmaí conarthacha an idirbhirt. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, éilítear leis an bhforáil teorannú cúramach an idirbhirt iarbhair idir na fiontair chomhlachaithe trí anailís a dhéanamh ar an gcaidreamh conarthach idir na páirtithe in éineacht le hiompar na bpáirtithe. I ndáil leis sin, ní mór gurb í an chéad chéim chriticiúil den anailís ar phraghsáil aistrithe na hidirbhearta idir cuideachtaí a shainiú go cruinn trí anailís a dhéanamh ar a saintréithe atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, mar a léirítear ní hamháin sna conarthaí idir na páirtithe, ach chomh maith leis sin ina n- iompar agus in aon fhíoras ábhartha eile. Ba cheart na téarmaí conarthacha a bheith mar thúsphointe don anailís agus, a mhéid nach bhfuil an t- iompar ná fíoras eile i gcomhréir leis an gconradh i scríbhinn, ba cheart glacadh le hiompar na bpáirtithe (seachas téarmaí an chonartha i scríbhinn) mar an bhfianaise is fearr ar an idirbheart (na hidirbhearta) a rinneadh iarbhair.

Modhanna Praghsála Aistrithe

I gcomhréir le Caibidil III de Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, tagraítear le hAirteagal 9 den togra le haghaidh Treorach do na príomh- mhodhanna praghsála aistrithe seo a leanas;

Leis an ‘Modh Praghsála Neamhrialaithe Inchomparáide’ déantar comparáid idir an praghas a ghearrtar ar mhaoín nó ar sheirbhísí a aistrítear in idirbheart rialaithe agus an praghas a ghearrtar ar mhaoín nó ar sheirbhísí a aistrítear in idirbheart neamhrialaithe inchomparáide in imthosca inchomparáide. Má bhíonn aon difríocht idir an dá praghas, d’fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios nach bhfuil coinníollacha chaidreamh tráchtála agus airgeadais na bhfiontar comhlachaithe ar neamhthuilleamaí, agus go bhféadfadh sé gur ghá praghas an idirbhirt neamhrialaithe a chur in ionad phraghas an idirbhirt rialaithe. Is féidir an modh praghsála neamhrialaithe inchomparáide a chur i bhfeidhm ar bhonn idirbhearta an cháiniócóra le fiontair neamhspleácha (idirbhearta inchomparáide inmheánacha), nó ar bhonn idirbhearta idir fiontair neamhspleácha eile (comparáidí seachtracha). Cé go bhféadfadh an modh sin a bheith ar fáil do gach cineál idirbhirt, tá an ceanglas maidir le hinchomparáideacht táirgí a bhaineann le bheith in ann é a chur i bhfeidhm ar bhealach réasúnta iontaofa thar a bheith ard, toisc go bhféadfadh aon difríocht sa táirge difear ábhartha a dhéanamh do phraghas an idirbhirt agus is minic nach bhfuil sé indéanta coigeartuithe inchomparáideachta atá réasúnta cruinn a chinneadh le haghaidh difríochtaí den sórt sin sna táirgí.

Leis an ‘Modh Praghsanna Athdhiola’ tosaítear leis an bpraghas ar a n- athdhíoltar táirge, a ceannaíodh ó fhiontar comhlachaithe, le fiontar neamhspleách. Déantar an praghas sin (an ‘praghas athdhiola’) a laghdú ansin le hollchorrlach iomchuí (an ‘corrlach praghsanna athdhiola’), a chinnfear trí thagairt d’ollchorrlaigh in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide, arb ionann é agus an méid as a ndéanadh an t- athdhíoltóir iarracht a chaiteachais díola agus oibriúcháin eile a chumhdach agus, i bhfianaise na bhfeidhmeanna a dhéantar (agus na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlactar á gcur san áireamh), brabús iomchuí a dhéanamh. Is féidir an méid atá fágtha tar éis an t- ollchorrlach a dhealú a mheas, tar éis coigeartú a dhéanamh ar chostais eile a bhaineann leis an táirge a cheannach (e.g. dleachtanna custaim), mar phraghas ar neamhthuilleamaí don aistriú bunaidh maoine idir na fiontair chomhlachaithe.

Leis an “Modh chun an costas *plus* a phraghsáil” tosaítear leis na costais a thabhaíonn an soláthróir maoine nó seirbhísí in idirbheart rialaithe le haghaidh maoín a aistrítear nó seirbhísí a sholáthraítear d’fhiontar comhlachaithe. Ansin, uasmharcáil iomchuí, arna cinneadh trí

thagairt don uasmharcáil a thuilleann soláthróirí in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide, cuirtear leis na costais sin í, chun brabús iomchuí a dhéanamh i bhfianaise na bhfeidhmeanna a dhéantar agus i bhfianaise na gcoinníollacha margaidh. Féadfar uasmharcáil ar neamhthuilleamaí den sórt sin a chinneadh trí thagairt don uasmharcáil a thuilleann an soláthróir céanna in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide (comparáidí inmheánacha), nó trí thagairt don uasmharcáil a thuillfeadh fiontar neamhspleách in idirbhearta inchomparáide (comparáid sheachtrach). Go ginearálta, leis an modh chun an costas *plus* a phraghsáil, úsáidfear corrlaigh arna ríomh tar éis costais táirgthe nó soláthair dhíreacha agus indíreacha, ach roimh chaiteachais oibriúcháin an fhiontar (e.g. forchostais).

Leis an ‘Modh Trasghníomhaíochta Glanchorrlaigh’ déantar comparáid idir an glanchorrlach brabúis i gcoibhneas le bonn iomchuí (e.g. costais, díolacháin, sócmhainní) a réadaíonn cáiniócóir ó idirbheart rialaithe (nó ó idirbhearta atá iomchuí chun iad a chomhiomlánú agus a mheas le chéile) leis an nglanchorrlach brabúis a thuilltear in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide. Féadfar glanchorrlach ar neamhthuilleamaí an cháiniócóra ón idirbheart rialaithe (ó na hidirbhearta rialaithe) a chinneadh trí thagairt don ghlanchorrlach a thuilleann an cáiniócóir céanna in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide (idirbhearta inchomparáide inmheánacha), nó trí thagairt don ghlanchorrlach arna thuilleamh in idirbhearta inchomparáide ag fiontar neamhspleách (comparáidí seachtracha). I gcásanna ina ndéantar an glanchorrlach a mheá in aghaidh costas nó díolachán, oibrítear an modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh ar bhealach atá comhchosúil leis an modh chun an costas *plus* a phraghsáil agus leis an modh praghsanna athdhíola faoi seach, ach amháin go ndéantar comparáid leis idir na glanchorrlaigh a eascraíonn as idirbhearta rialaithe agus neamhrialaithe (tar éis caiteachais oibriúcháin ábhartha a asbhaint) seachas ollchorrlach ar athdhíol nó ollchorrlach brabúis ar chostais a chur i gcomparáid. Go ginearálta, tá tábhacht níos mó ag baint le hinchomparáideacht fheidhmiúil ná le hinchomparáideacht táirgí agus an modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh á chur i bhfeidhm.

Sainaithnítear leis an ‘Modh Idirbheartaíochta Scoilte Brabús’ an brabús comhcheangailte ó na hidirbhearta rialaithe ina bhfuil na fiontair chomhlachaithe ag gabháil agus ansin scoiltear an brabús idir na fiontair chomhlachaithe ar bhonn atá bailí go heacnamaíoch agus é mar aidhm aige roinnt na mbrabús a chomhaontófaí ar neamhthuilleamaí idir fiontair neamhspleácha a neasú. D’fhéadfadh sonraí margaidh neamhspleácha (e.g. comhaontuithe comhfhiontair neamhrialaithe) nó sonraí inmheánacha a bheith mar thaca leis an mbonn sin atá bailí go heacnamaíoch. Na cineálacha sonraí inmheánacha den sórt sin atá ábhartha chun an brabús comhcheangailte a roinnt idir na fiontair chomhlachaithe (‘fachtóir /fachtóirí scoilte’), beidh siad ag brath ar fhíorais agus ar imthosca an cháis agus d’fhéadfaí a áireamh orthu, mar shampla, eochracha leithdháilte a bhaineann le costais díolachán, taighde agus forbartha, caiteachais oibriúcháin, sócmhainní nó comhaireamh na bhfiontar comhlachaithe faoi seach. Leis an bhfachtóir/na fachtóirí scoilte ba cheart ranníocaíochtaí na bpáirtithe faoi seach chun ioncam a chruthú ón idirbheart rialaithe a léiriú agus ba cheart iad a bheith réasúnta neamhspleách ar fhoirmliú praghsála aistrithe, i.e. ba cheart iad a bheith bunaithe ar shonraí oibiachtúla (amhail díolacháin le páirtithe neamhghaolmhara), seachas iad a bheith bunaithe ar shonraí a bhaineann le luach saothair na n- idirbheart rialaithe (amhail díolacháin le fiontair chomhlachaithe).

Féadfar an brabús comhcheangailte a roinnt idir na fiontair chomhlachaithe bunaithe ar anailís iarmharach nó ar anailís ranníocaíochta.

San anailís iarmharach, sa chéad chéim, sainaithnítear na gnáthbhrabúis atá inchurtha i leith ranníocaíochtaí ar féidir iad a thagarmharcáil go hiontaofa, i.e. de ghnáth, ranníocaíochtaí

nach bhfuil chomh casta céanna ar féidir idirbhearta inchomparáide iontaofa a fháil ina leith, déantar iad a shainaithint agus a chur i leith na bhfiontar comhlachaithe. De ghnáth, chinneann an luach saothair tosaigh sin trí cheann amháin de na modhanna traidisiúnta idirbhirt nó modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh a chur i bhfeidhm chun luach saothair idirbheart inchomparáide idir fiontair neamhspleácha a shainaithint. Dá bhrí sin, ní chuirfí san áireamh ann go ginearálta an toradh a ghní le dara catagóir ranníocaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith uathúil agus luachmhar, agus/nó atá inchurtha i leith ardleibhéal comhtháthaithe nó i leith na toimhde comhroinnte a bhaineann le rioscaí atá mór go heacnamaíoch. Sa dara céim, aon bhrabús (nó caillteanas) iarmharach a bheadh fágtha tar éis na brabúis is inchurtha i leith na chéad chatagóire ranníocaíochtaí a chur san áireamh, bheidís bunaithe ar anailís ar luach coibhneasta an dara catagóir ranníocaíochtaí ag na páirtithe.

San anailís ranníocaíochta, murab ionann agus san anailís iarmharach, roinntear an brabús comhcheangailte idir na fiontair chomhlachaithe an tráth céanna bunaithe ar luach coibhneasta na ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag gach ceann de na fiontair chomhlachaithe atá rannpháirteach san idirbheart rialaithe.

Ní mholtar leis an togra seo aon tosaíocht d'aon cheann de na modhanna praghsála aistrithe aitheanta arna liostáil thuas. Ní mór an riail dá bhforáiltear in Airteagal 10 a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, ní mór an modh is iomchuí a roghnú agus fíorais agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh.

Foráiltear freisin le mír 2 d'Airteagal 9 nach féidir modh praghsála aistrithe seachas na modhanna formheasta dá bhforáiltear i mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás inar féidir a léiriú (i) nach féidir aon cheann de na modhanna formheasta a chur i bhfeidhm go réasúnta chun coinníollacha ar neamhthuilleamaí a chinneadh don idirbheart rialaithe, agus (ii) go mbeidh toradh ar an modh eile sin a bheadh comhsheasmhach leis an toradh a bhainfeadh fiontair neamhspleácha amach agus iad ag gabháil d'idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide faoi imthosca inchomparáide. Is ar an gcáiníocóir nó ar an údarás fioscach a dhearbhoidear úsáid modha seachas na modhanna formheasta atá i mír 1 a bheidh an t- ualach a léiriú gur comhlíonadh ceanglais mhír 2 d'Airteagal 9.

Nuair a chomhlíonfar na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 2 agus nuair a chuirfear teicníc luachála eacnamaíche i bhfeidhm chun praghas ar neamhthuilleamaí a shainaithint, tabharfar aird chuí ar ábhar agus ar mholtaí tuarascáil JTPF/003/2017/FINAL/EN²⁶ maidir le húsáid teicnící luachála eacnamaíche i bpraghsáil aistrithe arna bhformheas ag Fóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe in 2017. Tugtar tuairisc chuimsitheach sa tuarascáil ar theicnící luachála agus ar na heilimintí sonracha ba cheart a chur san áireamh agus na teicnící sin á n- úsáid chun críoch praghsála aistrithe.

An Modh is iomchuí a roghnú

Foráiltear le hAirteagal 10 den Treoir nach mór go mbeadh sé d'aidhm i gcónaí ag roghnú modha praghsála aistrithe an modh is iomchuí a aimsiú le haghaidh cás ar leith.

²⁶ Tuarascáil ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le húsáid teicnící luachála eacnamaíche i bpraghsáil aistrithe (JTPF/003/2017/FINAL/EN): https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2017-10/2017_10_16_jtpf_003_2017_en_final_en.pdf.

Chun na críche sin, ba cheart láidreachtaí agus laigí faoi seach na modhanna praghsála aistrithe a chur san áireamh sa phróiseas roghnúcháin; oiriúnacht an mhodha arna mheas i bhfianaise chineál an idirbhirt rialaithe, arna chinneadh go háirithe trí anailís fheidhmiúil; infhaighteacht faisnéise iontaofa (go háirithe faisnéis maidir le hidirbhearta inchomparáide neamhrialaithe) a bhfuil gá léi chun an modh roghnaithe agus/nó modhanna eile a chur i bhfeidhm; agus an méid inchomparáideachta idir idirbhearta rialaithe agus idirbhearta neamhrialaithe, lena n-áirítear iontaofacht na gcoigeartuithe inchomparáideachta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun deireadh a chur le difríochtaí ábhartha eatarthu. Níl aon mhodh amháin oiriúnach i ngach cás a d'fhéadfadh tarlú, ná ní gá a chruthú nach bhfuil modh ar leith oiriúnach faoi na himthosca.

Go ginearálta, is modh iomchuí é an modh Praghsála Neamhrialaithe Inchomparáide chun praghas ar neamhthuilleamaí a bhunú a) ar dhíolacháin tráchtearraí a thrádáiltear ar mhargadh, faoi réir an idirbhirt rialaithe agus an idirbhirt/na n-idirbheart neamhrialaithe inchomparáide a tharlaíonn in imthosca inchomparáide, lena n-áirítear ar an leibhéal céanna den slabhra tráchtála (e.g. díol le monaróir tánaisteach, le dáileoir, le miondíoltóir, etc.), agus b) ar roinnt idirbheart airgeadais coiteann, amhail airgead a thabhairt ar iasacht. D'fhéadfadh praghsanna margaidh (amhail praghsanna tráchtearraí nó rátaí úis) a bheith ar fáil go poiblí le haghaidh na gcineálacha idirbheart sin.

Is é an modh Praghsanna Athdhíola an modh is úsáidí i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm é ar dhíolacháin agus ar oibríochtaí margaióchta amhail na cinn siúd a dhéanann dáileoir de ghnáth. I gcásanna áirithe, féadfar corrlach praghsanna athdhíola an athdhíoltóra san idirbheart rialaithe a chinneadh trí thagairt don chorrlach praghsanna athdhíola a thuilleann an t-athdhíoltóir céanna ar mhíreanna a cheannaítear agus a dhíoltar in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide (comparáid inmheánach). I gcásanna eile, féadfar an corrlach praghsanna athdhíola a chinneadh trí thagairt don chorrlach praghsanna athdhíola arna thuilleamh ag fiontair neamhspleácha in idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide (idirbhearta inchomparáide seachtracha).

Is é an modh chun an costas *plus* a phraghsáil an modh is úsáidí a) i gcás inarb é monaróir nach gcuireann sócmhainní doláimhsithe luachmhara uathúla leis nó nach ngabhann rioscaí neamhghnácha san idirbheart rialaithe a dhíolann earraí, amhail de réir mar a bheidh faoi chonradh nó faoi shocrú monaraíochta dola; nó b) i gcás inarb ionann an t-idirbheart rialaithe agus soláthar seirbhísí nach gcuireann an soláthraí aon sócmhainn dholáimhsithe luachmhar uathúil leo nó nach ngabhann rioscaí neamhghnácha ina leith.

Oibríonn an modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh ar bhealach atá comhchosúil leis an modh chun an costas *plus* a phraghsáil agus an modh praghsanna athdhíola faoi seach, seachas go ndéantar comparáid leis idir na glanchorrlaigh agus go bhfuil sé úsáideach i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis iontaofa maidir leis an ollchorrlach ar fáil go poiblí nó i gcás nach bhfuil ach faisnéis iontaofa theoranta maidir leis an ollchorrlach ar fáil go poiblí i ndáil le tríú páirtithe agus dá dheasca sin, is deacair na seanmhodhanna idirbhirt traidisiúnta a chur i bhfeidhm. Go ginearálta, tugtar faoi deara go n-úsáidtear táscairí glanchorrlaigh costas- bhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí monaraíochta agus seirbhíse; úsáidtear táscairí díolacháin- bhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí díolachán; agus úsáidtear táscairí sócmhainn- bhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí atá dian ar shócmhainní. In aon chás, maidir leis an táscaire airgeadais a roghnaítear, ba cheart gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis: (i) léirítear leis luach na bhfeidhmeanna a dhéanann an páirtí tástáilte (i.e. an páirtí san idirbheart rialaithe a ndéantar táscaire airgeadais a thástáil ina leith), agus a shócmhainní agus a rioscaí á gcur san áireamh; (ii) tá sé réasúnta neamhspleách ar fhoirmliú praghsála

aistrithe, i.e. ba cheart é a bheith bunaithe ar shonraí oibiachtúla (amhail díolacháin le páirtithe neamhghaolmhara), seachas ar shonraí a bhaineann le luach saothair na n- idirbheart rialaithe (amhail díolacháin le fiontair chomhlachaithe); agus (iii) is féidir é a thomhas ar bhealach réasúnta iontaofa agus comhsheasmhach ar leibhéal an idirbhirt rialaithe agus ar leibhéal an idirbhirt/na n- idirbheart neamhrialaithe inchomparáide.

Maidir le modhanna aontaobhacha (Modh Praghsanna Athdhíola, Modh chun an Costas *Plus* a Phraghsáil, Modh Trasghníomhaíochta Glanchorrlaigh), níl siad iontaofa má dhéanann gach páirtí in idirbheart ranníocaíochtaí uathúla agus luachmhara i ndáil leis an idirbheart rialaithe, nó i gcás ina dtéann na páirtithe i mbun gníomhaíochtaí an- chomhtháite. I gcás den sórt sin, is é an modh idirbheartaíochta scoilte brabús an modh is iomchuí, ós rud é go bhféadfadh páirtithe neamhspleácha an t- idirbheart a phraghsáil i gcomhréir lena ranníocaíochtaí faoi seach, rud a d'fhágfadh go mbeadh modh déthaobhach ní b'iomchuí. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil na ranníocaíochtaí sin uathúil agus luachmhar, ní bheidh aon fhaisnéis inchomparáide iontaofa ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an t- idirbheart a phraghsáil ar bhealach níos iontaofa, trí mhodh eile a chur i bhfeidhm.

Is iomchuí modhanna aontaobhacha i gcásanna ina ndéanann ceann de na páirtithe na ranníocaíochtaí uathúla agus luachmhara uile a bhaineann leis an idirbheart rialaithe, agus nach ndéanann an páirtí eile aon ranníocaíocht uathúil agus luachmhar. I gcás den sórt sin, ba cheart gurb é an páirtí tástáilte an páirtí ar ar féidir modh praghsála aistrithe a chur i bhfeidhm ar an mbealach is iontaofa agus ar féidir na hidirbhearta inchomparáide is iontaofa a fháil ina leith. Is minic gurb é an páirtí nach ndéanann aon ranníocaíocht uathúil agus luachmhar i ndáil leis an idirbheart an ceann ar ar féidir modh praghsála aistrithe aontaobhach a chur i bhfeidhm ar an mbealach is iontaofa.

Anailís Inchomparáideachta

Is í an anailís inchomparáideachta an bhunchloch chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm.

Chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm, is gá anailís inchomparáideachta a dhéanamh, ina bhfuil dhá phríomhghné den chuid is mó: (i) an caidreamh tráchtála nó airgeadais idir na fiontair chomhlachaithe a shainaithint, chomh maith leis na coinníollacha agus imthosca atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de a bhaineann leis an gcaidreamh sin; agus (ii) coinníollacha agus imthosca na n- idirbheart idir fiontair chomhlachaithe (idirbhearta rialaithe), atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, a chur i gcomparáid le coinníollacha agus imthosca na n- idirbheart inchomparáide idir fiontair neamhspleácha (idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide).

A mhéid a bhaineann leis an gcéad ghné, soláthraítear le hAirteagal 11 na fachtóirí inchomparáideachta ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh agus imthosca idirbhirt rialaithe á sainaithint. Is éard atá sna fachtóirí sin téarmaí conarthacha an idirbhirt, an anailís fheidhmiúil (na feidhmeanna a dhéanann gach fiontar, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlactar á gcur san áireamh), saintréithe an táirge nó na seirbhíse is ábhar d'idirbheart, na himthosca eacnamaíocha agus na straitéisí gnó. A luaithe a shuífear imthosca an idirbhirt rialaithe, ní mór an chomparáid iarbhir agus an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an t- idirbheart ar neamhthuilleamaí a dhéanamh. Chun na críche sin, is gá cé acu méid a bheidh mar ábhar na comparáide a shainaithint (i.e. ní mór modh praghsála a roghnú); chomh maith leis an rud lena gcuirfear i gcomparáid é (i.e. ní mór idirbheart neamhrialaithe inchomparáide féideartha a shainaithint).

Meastar go bhfuil idirbheart rialaithe agus idirbheart neamhrialaithe inchomparáide má tá saintréithe an dá idirbheart, atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, agus na himthosca a bhaineann leo cosúil go leordhóthanach lena chéile chun tomhas iontaofa ar thoradh ar neamhthuilleamaí a sholáthar.

Ní gá go mbeadh an dá idirbheart mar an gcéanna chun bheith inchomparáide. Ina ionad sin, níor cheart d'aon cheann de na difríochtaí eatarthu difear ábhartha a dhéanamh don phraghas ar neamhthuilleamaí nó don bhrabús ar neamhthuilleamaí; i gcás inar ann do dhifríochtaí ábhartha den sórt sin, ba cheart coigeartuithe réasúnta cruinn a dhéanamh chun a n- éifeacht a dhíothú.

Maidir leis na coigeartuithe sin (dá dtagraítear mar 'choigeartuithe inchomparáideachta'), níor cheart iad a dhéanamh ach amháin más féidir éifeacht na ndifríochtaí ábhartha ar praghsanna nó ar bhrabúis a fhionnadh go leorchruinn chun iontaofacht na dtorthaí a fheabhsú.

Sonraítear freisin le hAirteagal 11 gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an cuardach le haghaidh idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide bunaithe ar phrionsabal na trédhearcachta. Ciallaíonn sé sin gur cheart do cháiníocóirí údar maith a thabhairt le céimeanna na gcuardach *vis-à-vis* an údarais fhioscaigh, agus na céimeanna sin a dhoiciméadú, agus ba cheart don údarás fioscach an fhaisnéis ábhartha le haghaidh na gcéimeanna sin a sholáthar don cháiníocóir, go siméadrach, agus na cuardaigh sin á n- ullmhú nó á ndíospóid.

Sa chuardach le haghaidh idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na moltaí atá i dtuarascáil JTPF/007/2016/FINAL/EN²⁷ maidir le húsáid idirbheart inchomparáide laistigh den Aontas, arna formheas ag Fóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe in 2016.

An raon ar neamhthuilleamaí a shuí

I roinnt cásanna, táirgfear toradh aonair, arb é an tomhas is iontaofa ar thoradh ar neamhthuilleamaí é, nuair a chuirtear modh praghsála i bhfeidhm. I gcásanna eile, d'fhéadfaí roinnt torthaí a tháirgeadh tar éis modh a chur i bhfeidhm, óna bhféadfaí raon torthaí iontaofa a dhíorthú. I gcomhréir le dea- chleachtais idirnáisiúnta, forordaítear le hAirteagal 12, i gcás ina dtáirgtear raon figiúirí tar éis an modh is iontaofa a chur i bhfeidhm, nach mór an raon ar neamhthuilleamaí a chinneadh trí úsáid a bhaint as an raon idircheathairíle. Is éard atá i gceist leis an raon idircheathairíle an raon idir an 25ú peircintíl agus an 75ú peircintíl de na torthaí a dhíorthaítear ó na idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide.

Chun díospóidí a íoslaghdú agus cur chuige coiteann a áirithiú ar fud an Aontais, forordaítear leis an bhforáil freisin (i) nár cheart cáiníocóir a chur faoi réir coigeartú i gcás ina dtiteann a thorthaí faoin raon idircheathairíle ach amháin má chruthaíonn an t- údarás fioscach nó an cáiníocóir go bhfuil údar maith le suíomh sonracha difriúil sa raon de bharr fhíorais agus imthosca an cháis shonraigh; (ii) i gcás nach bhfuil torthaí idirbhirt rialaithe faoin raon ar neamhthuilleamaí, ní mór d'údarais fhioscacha coigeartú a dhéanamh ar airmheán na dtorthaí uile mura gcruthaíonn an cáiníocóir nó an t- údarás fioscach go gcinntear, le haon phointe eile sa raon, praghas ar neamhthuilleamaí níos iontaofa sa chás sonracha i gceist.

Doiciméadacht Praghsála Aistrithe

²⁷ Tuarascáil ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe maidir le húsáid idirbheart inchomparáide san Aontas (JTPF/007/2016/FINAL/EN): <https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2017-04/jtpf0072017encomps.pdf>.

Eilimint mhór den chomhlíontacht i ndáil le praghsáil aistrithe is ea an doiciméadacht chun a léiriú go ndéantar na hidirbhearta ábhartha a phraghsáil i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách. Léirítear le hIarscríbhinn 2 na buneilimintí le haghaidh rialacha maidir leis an doiciméadacht agus sonrúidh an Coimisiún a thuilleadh iad níos déanaí, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13, b'fhéidir chun eilimintí amhail teimpléid chaighdeánacha a chur isteach lena socrófar cineál agus ábhar na faisnéise praghsála aistrithe, tráthchláir a bheidh le cumhdach, ceanglais maidir le teangacha agus cáiníocóirí faoi raon feidhme na hoibleagáide doiciméadachta.

(iii) Cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus rialacha comhchoiteanna amach anseo maidir le hábhair shonracha

Chun cur i bhfeidhm coiteann phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a áirithiú, beidh an leagan is déanaí de Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ceangailteach agus prionsabal an fheidhmithe neamhspleách á chur i bhfeidhm sna Ballstáit. Toisc go leasófar Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ó am go chéile, ba cheart gurb é an creat tagartha ceangailteach nua a bheidh sna treoirlínte nua sin. Chun a áirithiú go gcloífear leis na treoirlínte nua sin sna Ballstáit, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta de bhun Airteagal 218, mír 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an Coimisiún, anuas air sin, leasú ar an Treoir seo a mholadh chun teacht le haon leasú ar Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe

Chun an cuspóir a bhaineann le cinnteacht níos mó a chruthú le haghaidh cáiníocóirí a bhaint amach, moltar go mbunófaí rialacha ceangailteacha comhchoiteanna eile i réimse na praghsála aistrithe trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, tabharfar léargas soiléir do na cáiníocóirí ar an méid a mheasfadh údarais fhioscacha san Aontas a bheith inghlactha lena úsáid le haghaidh idirbhearta sonraithe agus soláthrófar freisin cuanta sábháilte, mar a thugtar orthu, a laghdóidh an t-ualach comhlíontachta agus an líon díospóidí.

I bhfianaise a íogaire atá na bearta sin a bhaineann le cumhachtaí náisiúnta feidhmiúcháin agus forfheidhmiúcháin i ndáil le cánachas díreach, cearta chun cánachais a shanntar faoi choinbhinsiúin chánach dhéthaobhacha nó iltaobhacha lena gcoisctear cánachas dubailte nó neamhchánachas dubailte a fheidhmiú agus de bharr iarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhoinn chánach na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme chun cinntí a ghlacadh faoin Treoir seo a thabhairt don Chomhairle, a ghníomhóidh ar thogra ón gCoimisiún.

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

maidir le praghsáil aistrithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa²⁸,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²⁹,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard atá i bpraghsáil aistrithe praghsanna a shocrú le haghaidh idirbhearta trasteorann idir fiontair chomhlachaithe laistigh de ghrúpa FIN. Ós rud é go mbíonn ríomhanna cánach bunaithe go ginearálta ar chuntais ar leibhéal an eintitis, leis na praghsanna nó na coinníollacha eile faoina ndéantar na hidirbhearta trasteorann idir fiontair chomhlachaithe déanfar difear d'ioncam agus/nó do chostais na n-eintiteas ábhartha i ndáil leis na hidirbhearta sin, agus mar iarmhairt air sin, beidh tionchar acu ar an méid brabúis a thaifeadfaidh gach grúpeintiteas chun críoch cánach sna dlínsí ina n-oibríonn siad.
- (2) Is é 'prionsabal an fheidhmithe neamhspleách', mar a thugtar air, an caighdeán a aithnítear go domhanda chun na praghsanna idir fiontair chomhlachaithe a chinneadh chun críche cánach. Forordaítear le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách nach mór do bhaill aonair de ghrúpa FIN idirbhearta a dhéanamh lena chéile amhail agus dá mba thríú páirtithe neamhspleácha iad. I bhfocail eile, ba cheart a léiriú leis na hidirbhearta idir dhá fhiontar chomhlachaithe an toradh a bhainfí amach mura mbeadh gaol ann idir na páirtithe, i.e. dá mbeadh na páirtithe neamhspleách ar a chéile agus dá gcinnfí an toradh (praghas nó corrlaigh) le cúrsaí (oscailte) margaidh.
- (3) I gcás ina gcuireann na Ballstáit prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i bhfeidhm, nó i gcás ina léirmhíonann siad é, ar bhealaí éagsúla, cruthaítear cásanna a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don mhargadh inmheánach. Neamhréir i ndáil le cur i bhfeidhm rialacha praghsála aistrithe, ní hamháin go bhféadfadh cánachas dubailte a bheith ann dá toradh sin ach d'fhéadfadh aistriú brabúis agus seachaint cánach a bheith i gceist freisin. Is bacainn chánach thromchúiseach í neamhréir den sórt sin do ghnólachtaí a bhíonn ag oibriú thar theorainneacha, agus is dócha go mbeidh saobhadh eacnamaíoch

²⁸ IO C , , lch. .

²⁹ IO C , , lch. .

agus neamhéifeachtúlachtaí ann dá barr agus tá tionchar diúltach aici ar an infheistíocht agus ar an bhfás trasteorann.

- (4) Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha chun a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar an mbealach céanna ar fud an Aontais agus é d'aidhm aige sin deimhneacht chánach a mhéadú agus tarluithe cánachais dhúbailte, chomh maith le tarluithe neamhchánachais dhúbailte, a laghdú.
- (5) Chun a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit sainmhíniú coiteann ar fhiontair chomhlachaithe a chur i bhfeidhm. Chun cóir chomhionann a áirithiú, ba cheart caitheamh le buanbhunaíocht, chun críoch na Treorach seo, mar fhiontar comhlachaithe agus, dá réir sin, ba cheart an ghnóthaíocht inmheánach idir an cheannoifig agus an bhuanbhunaíocht a chinneadh i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.
- (6) Chun an maolú ar chánachas dúbailte a áirithiú, ba cheart sásraí leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun é a chur ar a gcumas dóibh, i gcás ina ndéantar coigeartú príomhúil i mBallstát eile nó dlínse tríú tír eile, coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh agus níor cheart teorainn a chur le coigeartú den sórt sin a dheonú i gcomhthéacs nósanna imeachta um chomhaontú frithpháirteach (MAPanna), ach de thoradh na nithe seo a leanas freisin: (i) nós imeachta 'mear' le tabhairt i gcrích faoi cheann 180 lá gan gá MAP a oscailt i gcás nach bhfuil aon amhras ann ach go bhfuil bunús maith faoin gcoigeartú príomhúil; nó (ii) iniúchtaí comhpháirteacha nó foirmeacha eile comhair idirnáisiúnta amhail cláir iltaobhacha um measúnú riosca amhail an Cur Chuige Eorpach i leith Iontaobhais agus Comhair (ETACA) agus an Clár Idirnáisiúnta um Dhearbhu Comhlíontachta (ICAP).
- (7) D'fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ann chun nach dtugtar coigeartú comhfhreagrach nó chun gur lú ná an coigeartú príomhúil é. Go sonrach, níor cheart do na Ballstáit coigeartuithe comhfhreagracha a dheonú más rud é: (i) nach meastar go bhfuil an coigeartú príomhúil comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách; (ii) nach ngearrfar cáin ar mhéid brabús i ndlínse eile ina raibh an fiontar comhlachaithe sa Bhallstát ábhartha faoi réir cánach cheana féin mar thoradh ar an gcoigeartú príomhúil; agus (iii) nuair atá baint ag dlínse tríú tír, nach bhfuil aon chomhaontú cánach i bhfeidhm. In éagmais coigeartú príomhúil, ní fhéadfaidh na Ballstáit coigeartú síos a dhéanamh ach amháin más rud é: (i) go bhfuil an coigeartú síos i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách; (ii) go bhfuil méid atá cothrom leis an gcoigeartú síos ar áireamh i mbrabús an fhiontair chomhlachaithe sa dlínse eile agus faoi réir cánach ann; agus (iii) gur seoladh teachtaireacht maidir leis an rún an coigeartú síos a dhéanamh chuig an dlínse ábhartha. Is é is aidhm do na forálacha roimhe seo a áirithiú: (i) gur féidir leis na Ballstáit an ceart a chaomhnú chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an coigeartú príomhúil ar neamhthuilleamaí; agus (ii) nach ann do chánachas dúbailte ná neamhchánachas dúbailte. Níor cheart do na Ballstáit cásanna neamhchánachais dhúbailte a chruthú.
- (8) Chun cur chuige coiteann a bhunú maidir le coigeartuithe cúitimh laistigh den Aontas agus chun dlíthíocht a sheachaint, foráiltear leis an Treoir seo na coinníollacha faoinar cheart do na Ballstáit coigeartú cúitimh a aithint. Ba cheart an fhoráil sin a léirmhíniú i

gcomhar le Tuarascáil 2013 an Choimisiúin ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le coigeartuithe cúitimh³⁰.

- (9) Chun a áirithiú go gcinntear torthaí praghsála aistrithe i gcomhréir le hiompar iarbhair páirtithe gaolmhar, leis an Treoir seo ceanglaítear teorannú cúramach an idirbhirt iarbhair idir na fiontair chomhlachaithe trí anailís a dhéanamh ar an gcaidreamh conarthach idir na páirtithe in éineacht le hiompar na bpáirtithe. I ndáil leis sin, ba cheart gurb í an chéad chéim chriticiúil den anailís ar phraghsáil aistrithe na hidirbhearta idir cuideachtaí a shainiú go cruinn trí anailís a dhéanamh ar a saintréithe atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, mar a léirítear ní hamháin sna conarthaí idir na páirtithe, ach chomh maith leis sin ina n- iompar agus in aon fhíoras ábhartha eile. Ba cheart na téarmaí conarthacha a bheith mar thúsphointe don anailís agus, a mhéid nach bhfuil an t- iompar ná fíorais eile i gcomhréir leis an gconradh i scríbhinn, ba cheart glacadh le hiompar na bpáirtithe (seachas téarmaí an chonartha i scríbhinn) mar an bhfianaise is fearr ar an idirbheart (na hidirbhearta) a rinneadh iarbhair.
- (10) Úsáidtear modhanna praghsála aistrithe chun na praghsanna ar neamhthuilleamaí a bhunú le haghaidh idirbhearta idir fiontair chomhlachaithe. Tá na modhanna eile a liostaítear sa Treoir seo i gcomhréir le Caibidil III de Threoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Praghsáil Aistrithe, 2022 ('Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe'). Níl rogha thosaíochta sa Treoir seo maidir le haon cheann de na modhanna praghsála aistrithe aitheanta sin. Ina ionad sin, ba cheart an riail mhodha is iomchuí dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus, dá réir sin, ba cheart an modh is iomchuí a roghnú agus fíorais agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh. Foráiltear leis an Treoir seo freisin nach bhféadfar modh praghsála aistrithe, seachas modhanna atá aitheanta ag ECFE, a chur i bhfeidhm ach amháin más féidir a léiriú: (i) nach féidir aon cheann de na modhanna atá aitheanta ag ECFE a chur i bhfeidhm le réasún chun coinníollacha ar neamhthuilleamaí a chinneadh don idirbheart rialaithe (i.e. an t- idirbheart idir fiontair chomhlachaithe); agus (ii) go mbeidh toradh ar an modh eile sin a bheadh comhsheasmhach leis an toradh a bhainfeadh fiontair neamhspleácha amach agus iad ag gabháil d'idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide faoi imthosca inchomparáide. Maidir leis an gcáiníocóir, nó an t- údarás fíoscach, a úsáideann modh seachas ceann de na modhanna atá aitheanta ag ECFE, ba cheart an t- ualach a bheith ar an gcáiníocóir nó údarás sin a léiriú gur comhlíonadh na ceanglais. Nuair a chomhlíontar na coinníollacha agus nuair a chuirtear teicníc luachála eacnamaíche i bhfeidhm chun praghas ar neamhthuilleamaí a shainiú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ábhar agus ar mholtaí Thuarascáil 2017 an Choimisiúin ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le húsáid teicnící luachála eacnamaíche i bpraghsáil aistrithe³¹.
- (11) Ba cheart é a bheith d'aidhm i gcónaí ag roghnú an mhodha praghsála aistrithe an modh is iomchuí a aimsiú le haghaidh cás ar leith. Sa phróiseas roghnúcháin le haghaidh an mhodha praghsála aistrithe is iomchuí, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh: (i) láidreachtaí agus laigí na modhanna praghsála aistrithe; (ii) oiriúnacht an mhodha arna mheas i bhfianaise chineál an idirbhirt rialaithe, arna

³⁰ JTPF/009/FINAL/2013/EN, Cruinniú an 5 Samhain 2013: https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2016-09/jtpf_009_final_2013_en.pdf

³¹ JTPF/003/2017/FINAL/EN, Cruinniú an 22 Meitheamh 2017: https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2017-10/2017_10_16_jtpf_003_2017_en_final_en.pdf

chinneadh go háirithe trí anailís fheidhmiúil; (iii) infhaighteacht faisnéise iontaofa (go háirithe faisnéis maidir le hidirbhearta inchomparáide neamhrialaithe) a bhfuil gá léi chun an modh roghnaithe nó modhanna eile a chur i bhfeidhm; agus (iv) an méid inchomparáideachta idir idirbhearta rialaithe agus idirbhearta neamhrialaithe, lena n-áirítear iontaofacht na gcoigeartuithe inchomparáideachta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun deireadh a chur le difríochtaí ábhartha eatarthu. Níl aon mhodh amháin oiriúnach i ngach cás a d'fhéadfadh tarlú, ná ní gá a chruthú nach bhfuil modh ar leith oiriúnach faoi thacar áirithe imthosca. Ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le modhanna aontaobhacha amhail Modh Praghsanna Athdhiola, Modh chun an Costas *Plus* a Phraghsáil, Modh Trasghníomhaíochta Glanchorrlaigh, nach meastar go bhfuil siad iontaofa má dhéanann gach páirtí in idirbheart ranníocaíochtaí uathúla agus luachmhara i ndáil leis an idirbheart rialaithe, nó i gcás ina dtéann na páirtithe i mbun gníomhaíochtaí an-chomhtháite. I gcás den sórt sin, is é an modh idirbheartaíochta scoilte brabús an modh is iomchuí, ós rud é go bhféadfadh páirtithe neamhspleácha an t-idirbheart a phraghsáil i gcomhréir lena ranníocaíochtaí faoi seach agus sa chás sin, bheadh modh déthaobhach ní b'iomchuí. Is iomchuí modhanna aontaobhacha i gcás ina ndéanann ceann de na páirtithe na ranníocaíochtaí uathúla agus luachmhara uile a bhaineann leis an idirbheart rialaithe, agus nach ndéanann an páirtí eile aon ranníocaíocht uathúil agus luachmhar. I gcás den sórt sin, an páirtí tástáilte, is é sin an páirtí a bhaineann leis an idirbheart rialaithe dá dtástáiltear táscaire airgeadais, ba cheart gurb eisean an páirtí ar ar féidir modh praghsála aistrithe a chur i bhfeidhm ar an mbealach is iontaofa agus ar féidir na hidirbhearta inchomparáide is iontaofa a fháil ina leith. Is minic gurb é an páirtí nach ndéanann aon ranníocaíocht uathúil agus luachmhar i ndáil leis an idirbheart an ceann ar ar féidir modh praghsála aistrithe aontaobhach a chur i bhfeidhm ar an mbealach is iontaofa.

- (12) Chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm, is gá anailís inchomparáideachta a dhéanamh, ina bhfuil dhá phríomhghné den chuid is mó: (i) an caidreamh tráchtála nó airgeadais idir na fiontair chomhlachaithe a shainithint, chomh maith leis na coinníollacha agus imthosca atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de a bhaineann leis an gcaidreamh sin; agus (ii) coinníollacha agus imthosca na n-idirbheart idir fiontair chomhlachaithe (idirbhearta rialaithe), atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, a chur i gcomparáid le coinníollacha agus imthosca na n-idirbheart inchomparáide idir fiontair neamhspleácha (idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide). Is éard atá sna fachtóirí inchomparáideacht atá le cur san áireamh (i) téarmaí conarthacha an idirbhirt, (ii) an anailís fheidhmiúil (na feidhmeanna a dhéanann gach fiontar, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlactar á gcur san áireamh), (iii) saintréithe an táirge nó na seirbhíse is ábhar d'idirbheart, (iv) na himthosca eacnamaíocha agus (v) na straitéisí gnó. A luaithe a shuífear imthosca an idirbhirt rialaithe, ba cheart an chomparáid iarbhir agus an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí a dhéanamh. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart coinníollacha an idirbhirt rialaithe faoi scrúdú a chur i gcomparáid le coinníollacha idirbhirt neamhrialaithe inchomparáide. Meastar go bhfuil idirbheart rialaithe agus idirbheart neamhrialaithe inchomparáide má tá saintréithe an dá idirbheart, atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, agus na himthosca a bhaineann leo cosúil go leordhóthanach lena chéile chun tomhas iontaofa ar thoradh ar neamhthuilleamaí a sholáthar. Ní gá go mbeadh an dá idirbheart mar an gcéanna chun bheith inchomparáide. Ina ionad sin, níor cheart d'aon cheann de na difríochtaí eatarthu difear ábhartha a dhéanamh don phraghas ar neamhthuilleamaí nó don bhrabús ar neamhthuilleamaí; i gcás inarb ann do dhifríochtaí ábhartha den sórt sin, ba cheart coigeartuithe réasúnta cruinn a dhéanamh chun a n-éifeacht a dhíothú. Sa

chuardach le haghaidh idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na moltaí atá i dTuarascáil 2016 an Choimisiúin ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le húsáid idirbheart inchomparáide laistigh den Aontas³².

- (13) Chun díospóidí a íoslaghdú agus cur chuige coiteann a áirithiú ar fud an Aontais, déantar foráil leis an Treoir seo freisin nár cheart cáiniocóir a chur faoi réir coigeartú i gcás ina dtiteann a thorthaí faoin raon idircheathairíle ach amháin má chruthaíonn an t-údarás fioscach nó an cáiniocóir go bhfuil údar maith le suíomh sonrach difriúil sa raon de bharr fhíorais agus imthosca an cháis shonraigh. I gcás nach bhfuil torthaí idirbhirt rialaithe faoin raon ar neamhthuilleamaí, ba cheart a cheangal ar údarais fhioscacha coigeartú a dhéanamh ar airmheán na dtorthaí uile mura gcruthaíonn an cáiniocóir nó an t-údarás fioscach go gcinntear, le haon phointe eile sa raon, praghas ar neamhthuilleamaí níos iontaofa sa chás faoi leith.
- (14) Chun an t-ualach comhlíontachta a laghdú le haghaidh cáiniocóirí a oibríonn thar theorainneacha laistigh den Aontas, ba cheart cur chuige coiteann i leith na doiciméadachta maidir le praghsáil aistrithe a thabhairt isteach. Le teimpléad caighdeánach amháin, rialacha maidir le hábhar agus socrúcháin teanga, tráthchláir agus na cáiniocóirí ba cheart a bheith faoin raon feidhme, thabharfaí isteach simplíocht agus coigilteas costais féideartha nuair a chuirtear san áireamh Caibidil V dar teideal ‘Doiciméadacht’ de Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe agus an Cód Iompair maidir le doiciméadacht na praghsála aistrithe d’fhiontair chomhlachaithe san Aontas Eorpach³³.
- (15) Ba cheart na rialacha dá bhforáiltear leis Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhealach atá i gcomhréir le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.
- (16) Chun níos mó cinnteachta a chruthú do cháiniocóirí agus chun riosca an chánachais dhúbailte a mhaolú, foráiltear sa Treoir seo an fhéidearthacht go mbunófaí rialacha ceangailteacha comhchoiteanna eile le haghaidh praghsáil aistrithe trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ba cheart léargas soiléir a thabhairt do na cáiniocóirí ar an méid a mheasfadh údarais fhioscacha san Aontas a bheith inghlactha lena úsáid le haghaidh idirbhearta sonraithe agus chomh maith leis sin, ba cheart ‘cuanta sábháilte’, mar a thugtar orthu, a sholáthar leo lena laghdófar an t-ualach comhlíontachta agus an líon díospóidí. I bhfianaise an tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag bearta den sórt sin ar chumhacht náisiúnta feidhmiúcháin agus forfheidhmiúcháin i ndáil le cánachas díreach, cearta chun cánachais a shanntar faoi choinbhinsiúin chánach dhéthaobhacha nó iltaobhacha lena gcoisctear cánachas dúbailte nó neamhchánachas dúbailte a fheidhmiú agus i bhfianaise an tionchair a d’fhéadfaí a imirt ar bhoinn chánach na mBallstát, ba cheart

³² Tuarascáil 2016 an Choimisiúin ó Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe i ndáil le húsáid idirbheart inchomparáide san Aontas Eorpach (JTPF/007/2016/FINAL/EN): <https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2017-04/jtpf0072017encomps.pdf>

³³ Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 27 Meitheamh 2006 maidir le cód iompair i ndáil le doiciméadacht na praghsála aistrithe le haghaidh fiontair chomhlachaithe san Aontas Eorpach (TPD AE), 2006/C 176/01, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AAOJ.C_.2006.176.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2006%3A176%3AFULL

cumhachtaí cur chun feidhme chun cinntí a ghlacadh faoin Treoir seo a thabhairt don Chomhairle, a ghníomhóidh ar thogra ón gCoimisiún.

- (17) Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a ullmhú ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar bhonn na sonraí eile atá ar fáil.
- (18) Ionas go mbeidh gnólachtaí in ann tairbhe dhíreach a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh gan aon ualach riaracháin breise neamhriachtanach a bheith orthu, ba cheart faisnéis faoi na forálacha cánach a leagtar amach sa Treoir seo a chur ar fáil tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach ('SDG') i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724³⁴. Is éard atá in SDG ionad ilfhreastail d'úsáideoirí trasteorann le haghaidh soláthar faisnéise ar líne, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh atá bainteach le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (19) Ba cheart an phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú na Treorach seo a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵. Féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo chun fiontair chomhlachaithe a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 5.
- (20) Tá údar maith leis an tréimhse choinneála 10 mbliana ionas gur féidir leis na Ballstáit formhór reachtanna na dtréimhsí a chomhlíonadh. (21) Chun an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí a laghdú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le doiciméadacht na praghsála aistrithe, trí theimpléid choiteanna a leagan síos, ceanglais maidir le teangacha a shocrú, an cineál cáiníocóra is ceart cloí leis na teimpléid sin a shainmhíniú, chomh maith leis na tráthchláir a bheidh le cumhdach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr chineál trasteorann na rialacha maidir le praghsáil aistrithe agus go bhfuil gá le costais chomhlíontachta a laghdú sa mhargadh inmheánach ina iomláine, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le

³⁴ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

³⁵ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (23) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé a thuairim uaidh an **[le cur isteach]**.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo leagtar síos rialacha chun rialacha praghsála aistrithe na mBallstát a chomhchuiibhiú agus chun cur i bhfeidhm coiteann phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a áirithiú laistigh den Aontas.

Airteagal 2

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le cáiniocóirí atá cláraithe i mBallstát amháin nó níos, nó atá faoi réir cánach i mBallstát amháin nó níos mó, lena n-áirítear buanbhunaíochtaí i mBallstát amháin nó níos mó.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘prionsabal an fheidhmithe neamhspleách’ an caighdeán idirnáisiúnta lena bhforordaítear nach mór d’fhiontair chomhlachaithe idirbhearta a dhéanamh lena chéile amhail agus dá mba thríú páirtithe neamhspleácha iad. I bhfocail eile, ba cheart a léiriú leis na hidirbhearta idir dhá fhiontar chomhlachaithe an toradh a bhainfi amach mura mbeadh gaol ann idir na páirtithe, i.e. dá mbeadh na páirtithe neamhspleách ar a chéile agus dá gcinnfi an toradh (praghas nó corrlaigh) le cúrsaí (oscailte) margaidh.
- (2) ciallaíonn ‘toradh ar neamhthuilleamaí’ toradh idirbhirt rialaithe dá mbeadh na coinníollacha arna ndéanamh nó arna bhforchur idir na fiontair chomhlachaithe ina gcaidreamh tráchtála nó airgeadais mar an gcéanna leis na coinníollacha a dhéanfaí idir fiontair neamhspleácha.
- (3) ciallaíonn ‘raon ar neamhthuilleamaí’ raon figiúirí atá inghlactha chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil coinníollacha idirbhirt rialaithe ar neamhthuilleamaí agus a dhíorthaítear ó chur i bhfeidhm an mhodha praghsála aistrithe chéanna maidir le sonraí inchomparáide iomadúla;
- (4) ciallaíonn ‘buanbhunaíocht’ áit sheasta ghnó, mar a shainmhínítear faoin gcoinbhinsiún déthaobhach ábhartha maidir le cánachas dubailte a sheachaint nó, ina éagmais sin, i ndlí náisiúnta;

- (5) ciallaíonn ‘fiontair neamhspleácha’ fiontair nach fiontair chomhlachaithe iad de réir bhrí Airteagal 5;
- (6) ciallaíonn ‘coigeartú príomhúil’ coigeartú suas a dhéanann údarás fioscach i bpríomhdhlínse ar bhrabúis inchánach cuideachta de thoradh chur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách maidir le hidirbhearta a bhaineann le fiontar comhlachaithe i ndlínse chánach eile;
- (7) ciallaíonn ‘coigeartú comhfhreagrach’ coigeartú síos a dhéanann údarás fioscach i ndlínse eile ar bhrabúis inchánacha cuideachta de thoradh coigeartú príomhúil arna dhéanamh ag an údarás fioscach i bpríomhdhlínse, ionas go mbíonn sannadh na mbrabús ag an dá dhlínse comhsheasmhach;
- (8) ciallaíonn ‘coigeartú cúitimh’ coigeartú ina dtuairiscíonn an cáiníocóir praghas aistrithe chun críoch cánach, ar praghas ar neamhthuilleamaí é, dar leis an gcáiníocóir, le haghaidh idirbheart rialaithe, cé go bhfuil an praghas sin éagsúil ón méid a mhuirearaítear iarbhír idir na fiontair chomhlachaithe;
- (9) ciallaíonn ‘modh praghsála neamhrialaithe inchomparáide’ modh praghsála aistrithe lena ndéantar comparáid idir an praghas a ghearrtar ar mhaoín nó ar sheirbhísí a aistrítear in idirbheart rialaithe agus an praghas a ghearrtar ar mhaoín nó ar sheirbhísí a aistrítear in idirbheart neamhrialaithe inchomparáide in imthosca inchomparáide;
- (10) ciallaíonn an ‘modh praghsanna athdhíola’ modh praghsála aistrithe atá bunaithe ar an bpraghas ar a n- athdhíoltar táirge, a ceannaíodh ó fhiontar comhlachaithe, le fiontar neamhspleách; maidir leis an bpraghas athdhíola, é laghdaithe faoin gcorrlach praghsanna athdhíola agus an toradh, tar éis an corrlach praghsanna athdhíola a dhealú, is féidir an praghas athdhíola sin, tar éis coigeartú a dhéanamh ar chostais eile a bhaineann leis an táirge a cheannach, e.g. dleachtanna custaim, a mheas mar phraghas ar neamhthuilleamaí don aistriú bunaidh maoine idir na fiontair chomhlachaithe;
- (11) ciallaíonn an ‘modh chun an costas *plus* a phraghsáil’ modh praghsála aistrithe lena n- úsáidtear na costais a thabhaíonn an soláthróir maoine (nó seirbhísí) in idirbheart rialaithe; déantar uasmharcáil iomchuí a chur leis na costais sin, chun brabús iomchuí a dhéanamh i bhfianaise na bhfeidhmeanna a dhéantar (na sócmhainní a úsáidtear agus na riosca a ghlactar á gcur san áireamh) agus i bhfianaise na gcoinníollacha margaidh; féadfar an praghas, tar éis an uasmharcáil a chur leis an mbonn costais cuí, a mheas mar phraghas ar neamhthuilleamaí don idirbheart rialaithe bunaidh;
- (12) ciallaíonn ‘modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh’ modh brabúis trasghníomhaíochta lena ndéantar scrúdú ar an nglanchorrlach i gcoibhneas le bonn iomchuí, e.g. costais, díolacháin, sócmhainní, a réadaíonn cáiníocóir ó idirbheart rialaithe a bhfuil sé iomchuí é a chomhiomlánú;
- (13) ciallaíonn ‘modh idirbheartaíochta scoilte brabús’ modh idirbheartaíochta scoilte brabús trasghníomhaíochta lena léirítear na brabúis ábhartha atá le scoilt do na fiontair chomhlachaithe ó idirbheart rialaithe (nó idirbhearta rialaithe a bhfuil sé iomchuí iad a chomhiomlánú) agus lena roinntear na brabúis sin idir na fiontair chomhlachaithe ansin ar bhonn atá bailí go heacnamaíoch lena neasaítear roinnt na mbrabús a chomhaontófaí ar neamhthuilleamaí;
- (14) ciallaíonn ‘anailís inchomparáideachta’ comparáid idir idirbheart rialaithe agus idirbheart neamhrialaithe;
- (15) ciallaíonn ‘idirbheart rialaithe’ idirbheart idir dhá fhiontar chomhlachaithe;

- (16) ciallaíonn ‘idirbheart neamhrialaithe inchomparáide’ idirbheart idir fiontair neamhspleácha atá inchomparáide leis an idirbheart rialaithe faoi scrúdú;
- (17) ciallaíonn ‘grúpa ilnáisiúnta fiontar’ (‘grúpa FIN’) grúpa ilnáisiúnta fiontar d’fhiontair chomhlachaithe ag a bhfuil bunaíochtaí gnó in dhá dhlínse nó níos mó;
- (18) ciallaíonn ‘Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe’ Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe d’Fhiontair Ilnáisiúnta agus d’Údaráis Fhioscacha 2022, arna bhformhuiniú ag Comhairle ECFE de bhun Mholadh Chomhairle ECFE ón gComhairle maidir leis an gCinneadh i ndáil le Praghsáil Aistrithe idir Fiontair Chomhlachaithe [C(95)126/Final], agus mar a leasaíodh an 20 Eanáir 2022 agus a áirítear in Iarscríbhinn I, agus aon leasú eile ar Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a d’fhorghas an tAontas i gcomhthéacs Choiste ECFE um Ghnóthaí Fioscacha trí ghlacadh sheasamh an Aontais faoi 218(9) CFAE;
- (19) is éard is ‘comhaontú ar ranníocaíocht na gcostas’ socrú conarthach idir fiontair ghnó chun na ranníocaíochtaí agus na rioscaí, a bhaineann le comhfhorbairt, táirgeadh nó fáil sócmhainní nó seirbhísí doláimhsithe nó inláimhsithe, a roinnt, agus é le tuiscint go bhfuil coinne leis go gcruthófar leis na sócmhainní nó seirbhísí doláimhsithe nó inláimhsithe sin tairbhí do ghnólachtaí aonair gach rannpháirtí.

CAIBIDIL II

RIALACHA MAIDIR LE PRAGHSÁIL AISTRITHE

Airteagal 4

Riail ghinearálta maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách

1. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh fiontar páirteach in idirbheart tráchtála nó airgeadais trasteorann amháin nó níos mó le fiontar comhlachaithe, cinnteoidh an fiontar sin méid a bhrabús inchánach ar bhealach atá i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.
2. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás nach bhfuil na coinníollacha arna ndéanamh nó arna bhforchur in idirbhearta tráchtála nó airgeadais trasteorann idir fiontair chomhlachaithe i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, maidir le haon mhéid brabús a d’fhabhródh do ceachtar den dá fhiontar agus ar ina leith a ghearrfaí cáin ar an bhfiontar sin i mBallstát dá mba rud é go mbeadh coinníollacha na n- idirbheart i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, méid nár fhabhraigh an fiontar sin, áfach, de bharr coinníollacha nach raibh ar neamhthuilleamaí, go mbeidh an méid brabús sin le háireamh i mbrabúis inchánach an fhiontair sin agus gearrfar cáin orthu dá réir sin.

Airteagal 5

Fiontair chomhlachaithe

1. Chun críoch na Treorach seo, ciallaíonn ‘fiontar comhlachaithe’ duine a bhfuil gaol aige le duine eile ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:
 - (a) tá duine rannpháirteach i mbainistiú duine eile trí bheith in ann tionchar mór a imirt ar an duine eile;
 - (b) tá duine rannpháirteach i rialú duine eile trí shealúchas ar mó é ná 25 % de na cearta vótála;

- (c) tá duine rannpháirteach i gcaipiteal duine eile trí cheart úinéireachta ar mó ná 25 % den chaipiteal é, go díreach nó go hindíreach;
 - (d) tá duine i dteideal 25 % nó níos mó de bhrabúis duine eile.
2. Má tá níos mó ná duine amháin rannpháirteach i mbainistiú, rialú, caipiteal nó brabúis an duine chéanna, dá dtagraítear i mír 1, measfar go bhfuil gach duine lena mbaineann ina bhfiontar comhlachaithe.
 3. Má tá na daoine céanna rannpháirteach i mbainistiú, rialú, caipiteal nó brabúis níos mó ná duine amháin, dá dtagraítear i mír 1, measfar go bhfuil gach duine lena mbaineann ina bhfiontar comhlachaithe.
 4. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, ciallóidh duine daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha araon. Aon duine a ghníomhaíonn in éineacht le duine eile i leith cearta vótála eintitis nó úinéireacht chaipitil eintitis, caithfear leis mar shealbhóir rannpháirtíochta i gcearta vótála uile nó in úinéireacht chaipitil uile an eintitis sin a shealbhaíonn an duine eile.
 5. I gcás rannpháirtíochtaí indíreacha, cinnfear comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i bpointe (b) agus (c) de mhír 1 trí na rátaí sealúchais a iolrú trí na sraitheanna comhleanúnacha. Measfar go bhfuil 100 % de na cearta vótála ag duine ag a bhfuil breis agus 50 % de na cearta vótála.
 6. Duine aonair, a chéile nó a pháirtí aitheanta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, agus a shinsir nó a shliochtaigh agus a shiblíni, caithfear leo sin mar dhuine amháin.
 7. Measfar gur fiontar comhlachaithe den fhiontar a bhfuil sí mar chuid de í buanbhunaíocht.

Airteagal 6

Coigeartuithe comhfhreagracha

1. Nuair a dhéanfar coigeartú príomhúil, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad coigeartú comhfhreagrach chun cánachas dubailte a sheachaint má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) comhaontaíonn an Ballstát, ar iarradh air an coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh, go bhfuil an coigeartú príomhúil i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, i bprionsabal agus i ndáil leis an méid;
 - (b) de thoradh an choigeartaithe phríomhúil, gearrfar cáin i ndlínse eile ar mhéid brabús ar ina leith a ndearnadh an fiontar comhlachaithe, sa Bhallstát ar iarradh air an coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh, a chur faoi réir cánach cheana féin;
 - (c) i gcás ina bhfuil dlínse tríú tír rannpháirteach, tá Conradh cánach i bhfeidhm chun cánachas dubailte eacnamaíoch a chosc.
2. Féadfaidh Ballstáit coigeartú comhfhreagrach a dheonú de thoradh nós imeachta um chomhaontú frithpháirteach faoi chomhaontú um chánachas dubailte faoi

Choinbhinsiún Idir- rialtasach 1990 maidir le Cánachas Dúbailte a Dhíchur ('an Coinbhinsiún Eadrána')³⁶ nó faoi Threoir (AE) 2017/1852³⁷.

3. D'ainneoin mhír 2, áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfar coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh de thoradh iarraidh ó cháinióir i bhfianaise coigeartú príomhúil arna dhéanamh i ndlínse eile. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir leis na coigeartuithe comhfhreagracha a dhéantar faoin mír seo:

(a) san iarraidh ón gcáinióir:

- (i) tabharfar le fios na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla uile a bhfuil gá leo chun meastóireacht a dhéanamh, faoi phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, ar an gcoigeartú príomhúil arna dhéanamh sa dlínse eile;
- (ii) soláthrófar deimhniú (nó doiciméad coibhéiseach) lena ndearbhófar críochnaitheacht an choigeartuithe phríomhúil ar an gcoigríoch; mura bhfuil an coigeartú príomhúil críochnaitheach ar an dáta a chuirtear isteach an iarraidh, ní mór é sin a thabhairt le fios in éineacht leis na coinníollacha faoina dtiocfaidh na coigeartuithe chun bheith críochnaitheach; mar sin féin, cuirfear an deimhniú maidir le críochnaitheacht an choigeartaithe phríomhúil faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann sula ndeonófar an coigeartú comhfhreagrach.

(b) Dearbhóidh na Ballstáit go mbeidh an iarraidh inghlactha laistigh de 30 lá le fógra don cháinióir má chuirtear isteach an fhaisnéis uile a sholáthraítear i mír 3, pointe (a). Sa tráthchlár céanna, tabharfaidh na Ballstáit fógra don cháinióir faoin easpa faisnéise riachtanaí agus deonóidh sé 30 lá ar a laghad chun í a sholáthar. Mura soláthróidh an cáinióir an fhaisnéis a iarrtar laistigh den sprioc- am sannta, féadfar diúltú don iarraidh mar iarraidh dho- ghlactha.

(c) Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina n- eascróidh an cánachas dúbailte as coigeartú príomhúil arna dhéanamh i mBallstát eile, go dtabharfar an nós imeachta i gcrích laistigh de 180 lá ón dáta a gheofar an iarraidh ón gcáinióir agus go dtabharfar glacadh nó diúltú réasúnaithe.

(d) I gcás ina nglacfar leis an iarraidh, cuirfidh na Ballstáit aithint an choigeartaithe chomhfhreagraigh in iúl d'údarás fioscach na dlínse ábhartha eile.

(e) Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás nach ndeonófar an coigeartú comhfhreagrach, go mbeidh an cáinióir fós in ann gabháil do nósanna imeachta um chomhaontú frithpháirteach faoi choinbhinsiún um chánachas dúbailte, faoin gCoinbhinsiún Eadrána nó faoi Threoir (AE) 2017/1852.

4. D'ainneoin mhíreanna 2 agus 3, áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfar coigeartú comhfhreagrach a dhéanamh de thoradh iniúchtaí cánach comhpháirteacha nó foirmeacha eile comhair riaracháin idirnáisiúnta i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tagann na húdaráis fhioscacha ábhartha ar chomhaontú maidir le cinneadh an phraghais ar neamhthuilleamaí;

³⁶ Coinbhinsiún 90/463/CEE an 23 Iúil 1990 maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO L 225, 20.8.1990, lch. 10).

³⁷ Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach (IO L 265, 14.10.2017, lch. 1).

- (b) deonaítear coigeartuithe príomhúla agus comhfhreagracha go siméadrach don mhéid céanna sna dlínsí ábhartha uile.
5. D'ainneoin mhír 1, in éagmais coigeartú príomhúil, ní fhéadfaidh na Ballstáit coigeartú síos a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tá an coigeartú síos i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i bprionsabal agus a mhéid a bhaineann leis an méid;
 - (b) áirítear méid atá cothrom leis an gcoigeartú síos i mbrabús an fhiontair chomhlachaithe sa dlínse eile agus gearrtar cáin air sa Bhallstát agus sa dlínse eile araon agus dá réir sin, tá sé faoi réir cánachas dubailte;
 - (c) an Ballstát ar iarraidh air an coigeartú síos a dhéanamh, chuir sé in iúl d'údarás fioscach na dlínse ábhartha go bhfuil sé i gceist aige coigeartú síos a dhéanamh agus soláthraíonn sé na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla uile a bhfuil gá leo chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcoigeartú síos faoi phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

Airteagal 7 **Coigeartú cúitimh**

Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfar le coigeartú cúitimh i bhfoirm coigeartúcháin deireadh bliana arna thionscnamh ag an gcáiníocóir má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) sular taifeadadh an t-idirbheart ábhartha, nó sraith idirbheart, rinne an cáiníocóir iarrachtaí réasúnta chun toradh ar neamhthuilleamaí a bhaint amach;
- (b) déanann an cáiníocóir an coigeartú go siméadrach sna cuntais sna Ballstáit uile atá rannpháirteach;
- (c) cuireann an cáiníocóir an cur chuige céanna i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama;
- (d) déanann an cáiníocóir an coigeartú sula gcuireann sé isteach an tuairisceán cánach;
- (e) tá an cáiníocóir in ann a mhíniú cén fáth nár tháinig a réamhaisnéis leis an toradh a fuarthas.

Airteagal 8 **An caidreamh tráchtála nó airgeadais a shainaithint**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtosaíonn cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách le sainaithint agus teorannú cruinn chaidreamh tráchtála agus airgeadais na bhfiontar comhlachaithe, ar thaobh amháin, agus le sainaithint agus teorannú cruinn an idirbhirt nó na n-idirbheart iarbhír idir na fiontair chomhlachaithe ar an taobh eile.
2. Beidh sainaithint agus teorannú cruinn chaidreamh tráchtála agus airgeadais na bhfiontar comhlachaithe agus an idirbhirt/na n-idirbheart iarbhír bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:
 - (a) réamhthuiscint leathan ar an earnáil tionscail ina n-oibríonn na fiontair chomhlachaithe agus ar na fachtóirí a dhéanann difear d'fheidhmíocht na bhfiontar a oibríonn san earnáil sin;

- (b) anailís ar an mbealach a n-oibríonn gach fiontar comhlachaithe, chun a chaidreamh tráchtála nó airgeadais le fiontair chomhlachaithe eile a shainaithint;
- (c) anailís ar shaintréithe na n-idirbheart rialaithe atá ábhartha ó thaobh an gheilleagair de, ag féachaint dá bhfoirm agus dá substaint araon.

Airteagal 9

Modhanna praghsála aistrithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcinnefar an praghas ar neamhthuilleamaí a ghearrfar in idirbheart rialaithe idir fiontair chomhlachaithe trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna praghsála aistrithe seo a leanas:
 - (a) an modh praghsála neamhrialaithe inchomparáide;
 - (b) an modh praghsanna athdhíola;
 - (c) an modh chun an costas *plus* a phraghsáil;
 - (d) an modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh;
 - (e) an modh idirbheartaíochta scoilte brabús.
2. Anuas ar na modhanna sin a liostaítear i mír 1, ní dhéanfaidh na Ballstáit foráil maidir le haon mhodh ná teicníc luachála eile a chur i bhfeidhm chun an praghas ar neamhthuilleamaí a mheas ach amháin más féidir an méid seo a leanas a chruthú ar bhealach sásúil:
 - (a) níl aon cheann de na modhanna dá dtagraítear i mír 1 iomchuí ná inoibrithe in imthosca an cháis;
 - (b) tá an modh nó teicníc luachála i gcomhréir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus soláthraítear leis meastachán níos iontaofa ar an toradh ar neamhthuilleamaí ná na modhanna a liostaítear i mír 1.

Airteagal 10

An riail mhodha is iomchuí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcinnefar an praghas ar neamhthuilleamaí tríd an modh praghsála aistrithe is iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le himthosca an cháis.
2. Roghnófar an modh praghsála aistrithe is iomchuí ó na modhanna praghsála aistrithe a leagtar amach in Airteagal 9, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:
 - (a) láidreachtaí agus laigí na modhanna praghsála aistrithe faoi seach;
 - (b) oiriúnacht modha praghsála aistrithe i bhfianaise chineál an idirbhirt rialaithe, arna cinneadh go sonrach trí anailís ar na feidhmeanna arna ndéanamh ag gach fiontar san idirbheart rialaithe, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlactar á gcur san áireamh;
 - (c) an méid inchomparáideachta idir na hidirbhearta rialaithe agus na hidirbhearta neamhrialaithe, lena n-áirítear iontaofacht na gcoigeartuithe inchomparáideachta, más ann dóibh, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun deireadh a chur le difríochtaí eatarthu;
 - (d) infhaighteacht faisnéise iontaofa a bhfuil gá léi chun an modh praghsála aistrithe roghnaithe a chur i bhfeidhm.

Airteagal 11

Anailís inchomparáideachta

1. Déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear toradh ar neamhthuilleamaí le hidirbheart rialaithe, trí chomparáid a dhéanamh idir coinníollacha an idirbhirt rialaithe agus na coinníollacha a shocrófaí, dá mbeadh na fiontair chomhlachaithe neamhspleách agus dá ndéanfaidís idirbheart inchomparáide faoi imthosca inchomparáide.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hidirbhearta faoi anailís inchomparáide. Chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil dhá idirbheart nó níos mó inchomparáide, cuirfear na fachtóirí seo a leanas san áireamh, a mhéid atá siad ábhartha ó thaobh an gheilleagair de maidir le fíorais agus imthosca idirbhirt:
 - (a) téarmaí conarthacha an idirbhirt;
 - (b) na feidhmeanna arna ndéanamh ag na páirtithe atá bainteach leis an idirbheart, na sócmhainní a úsáidtear agus na rioscaí a ghlactar á gcur san áireamh, lena n-áirítear an bealach a bhfuil gaol ag na feidhmeanna sin le táirgeadh leathan an luacha ag grúpa FIN lena bhfuil na páirtithe bainteach, imthosca an idirbhirt agus cleachtais an tionscail;
 - (c) saintréithe na maoine arna haistriú nó na seirbhísí arna soláthar;
 - (d) imthosca eacnamaíocha na bpáirtithe agus an mhargaidh ina n-oibríonn na páirtithe;
 - (e) na straitéisí gnó a ngabhann na páirtithe dóibh.
3. Tá idirbheart neamhrialaithe inchomparáide le hidirbheart rialaithe má chomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní fhéadfadh aon cheann de na difríochtaí (más ann dóibh) idir na hidirbhearta a ndéantar comparáid eatarthu nó idir na fiontair a dhéanann na hidirbhearta sin difear ábhartha a dhéanamh don phraghas sa mhargadh oscailte;
 - (b) is féidir coigeartuithe réasúnta cruinn a dhéanamh chun éifeachtaí ábhartha difríochtaí den sórt sin a dhíothú.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an cuardach le haghaidh idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide trédhearcach agus inatáirgthe.

Airteagal 12

An raon ar neamhthuilleamaí a chinneadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtáirgfear raon luachanna le cur i bhfeidhm na modhanna praghsála aistrithe, go gcinnefear an raon ar neamhthuilleamaí trí úsáid a bhaint as an raon idircheathairíle de thorthaí na n-idirbheart neamhrialaithe inchomparáide.
2. Is éard atá i gceist leis an raon idircheathairíle an raon idir an 25ú peircintíl agus an 75ú peircintíl de na torthaí a dhíorthaítear ó na idirbhearta neamhrialaithe inchomparáide.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh cáiniocóir faoi réir coigeartú má thagann a thorthaí faoin raon ar neamhthuilleamaí, mura gcruthófar go mbeidh údar maith le suíomh sonrach difriúil sa raon de bharr fhíorais agus imthosca an cháis shonraigh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach mbeidh torthaí idirbhirt neamhrialaithe faoin raon ar neamhthuilleamaí, go ndéanfar coigeartú ar airmheán na dtorthaí uile mura gcruthófar go gcinntear, le haon phointe eile sa raon, praghas ar neamhthuilleamaí agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh. Is é an 50ú peircintíl den raon torthaí de na hidirbhearta neamhrialaithe inchomparáide an t- airmheán.

Airteagal 13

Doiciméadacht praghsála aistrithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh faisnéis leordhóthanach agus anailís ar fáil do cháiníocóir chun a dheimhniú go bhfuil coinníollacha a idirbheart le fiontair chomhlachaithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus ba cheart na heilimintí dá dtagraítear i míreanna 8, 9, 10, 11 agus 12 ar a laghad a chumhdach.
2. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 18, chun an rialail dá dtagraítear i mír 1 i dtaca le doiciméadacht a fhorlíonadh a thuilleadh, trí theimpléid choiteanna a leagan síos, ceanglais maidir le teanga a shocrú, an cineál cáiníocóra is ceart cloí leis na teimpléid sin a shainmhíniú, chomh maith leis na tráthchláir a bheidh le cumhdach.

CAIBIDIL III

EAGRÚCHÁN

Airteagal 14

Prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm

1. Sna rialacha náisiúnta lena dtrasuitear na rialacha praghsála aistrithe a leagtar síos i gCaibidil II den Treoir seo, áireoidh na Ballstáit forálacha lena n- áirithítear go gcuirtear na rialacha praghsála aistrithe sin i bhfeidhm ar bhealach atá i gcomhréir le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.
2. Féadfaidh an Chomhairle tuilleadh rialacha a leagan síos, i gcomhréir le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, maidir leis an mbealach a mbeidh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus na forálacha eile a leagtar síos i gCaibidil II den Treoir seo le cur i bhfeidhm in idirbhearta sonracha chun níos mó deimhneacht cánach a áirithiú agus chun riosca an chánachais dhúbailte a mhaolú. Is mar a leanas atá na hidirbhearta sonracha nó an ghnóthaíocht shonrach sin:
 - (a) aistriú sócmhainní doláimhsithe nó cearta maidir le sócmhainní doláimhsithe idir fiontair chomhlachaithe, lena n- áirítear sócmhainní doláimhsithe ar deacair iad a luacháil;
 - (b) soláthar seirbhísí idir fiontair chomhlachaithe, lena n- áirítear soláthar seirbhísí margaíochta agus dáileacháin;
 - (c) comhaontuithe ar ranníocaíocht na gcostas idir fiontair chomhlachaithe;
 - (d) idirbhearta idir fiontair chomhlachaithe i gcomhthéacs athstruchtúrú gnó;
 - (e) idirbhearta airgeadais;
 - (f) gnóthaíocht idir an cheannoifig agus a buanbhunaíochtaí.
3. Glacfar na rialacha dá dtagraítear i mír 2 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle bunaithe ar thogra ón gCoimisiún.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15 **Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm na Treorach seo gach 5 bliana agus cuirfidh sé tuarascáil maidir lena mheastóireacht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tíolacfar an chéad tuarascáil faoin 31 Nollaig 2031.
2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha in iúl don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo d'fhonn chur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a fheabhsú, chun cánachas dúbailte a laghdú chomh maith le mí- úsáid cánach a chomhrac, i gcomhréir le mír 3.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 2, agus sonróidh sé formáid agus coinníollacha cumarsáide na faisnéise sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.
4. Coimeádfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuirfear in iúl dó de bhun mhír 2 faoi rún i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir le hinstiúidí an Aontais agus Airteagal 16 den Treoir seo.
5. Féadfar aon fhaisnéis a chuireann Ballstát in iúl don Choimisiún faoi mhír 2, mar aon le haon tuarascáil nó doiciméad a chuireann an Coimisiún le chéile agus leas á bhaint as an bhfaisnéis, a tharchur chuig na Ballstáit eile. Déanfar an fhaisnéis a chumhdach leis an oibleagáid rúndachta oifigiúla agus bainfear leas as an gcosaint a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í.

Airteagal 16 **Cosaint sonraí**

1. Féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo chun Airteagal 5 a chur i bhfeidhm. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha na Treorach seo, measfar gur rialaitheoirí iad údaráis inniúla na mBallstát, de réir bhrí Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679, faoi raon feidhme a ngníomhaíochtaí faoi seach faoin Treoir seo.
2. Maidir le faisnéis, lena n- áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáiltear i gcomhréir leis an Treoir seo, ní choinneofar í ach chomh fada agus is gá chun críocha na Treorach seo a bhaint amach, i gcomhréir le dlí náisiúnta gach rialaitheora sonraí maidir le reacht na dtréimhsí, ach ní choimeádfar í i gcás ar bith níos faide ná 10 mbliana.

Airteagal 17
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2014³⁸.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 18
An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13 a ghlacadh.
2. Féadfaidh an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht an ghnímh tarmligthe má tá sé i bhfeidhm cheana féin.
3. Sula nglacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr.
4. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra don Chomhairle faoi.
5. An gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13, is gníomh é a thiocfaidh i bhfeidhm gan mhoill, agus beidh feidhm aige ar choinníoll nach ndéanfaidh an Chomhairle agóid. Féadfaidh an Chomhairle an gníomh tarmligthe a agóid laistigh de 2 mhí tar éis dóibh fógra faoin ngníomh sin a fháil. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle. I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh a aisghairm láithreach tar éis don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún faoin gcinneadh agóid a dhéanamh.

Airteagal 19
Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le gníomhartha tarmligthe a bheith glactha, maidir le haon agóid ina leith, agus maidir le cúlghairm na gcumhachtaí tarmligthe ag an gComhairle.

6. .

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13–18)

Airteagal 20

Trasuí

1. Na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [31 Nollaig 2025] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [1 Eanáir 2026].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 22

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Treoir maidir le praghsáil aistrithe

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas Cánach

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³⁹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Deimhneacht chánach a mhéadú; is é is aidhm don togra deimhneacht chánach a mhéadú trí chur chuige níos soiléire agus níos coitinne i leith praghsáil aistrithe ar fud an Aontais a thabhairt isteach.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

- 1) Prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais.
- 2) Ról Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a shoiléiriú.
- 3) Cur i bhfeidhm comhleanúnach phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a áirithiú ar fud an Aontais
- 4) Cánachas dúbailte agus neamhchánachas dúbailte a laghdú

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Le rialacha níos soiléire agus níos comhchuibhithe, d'fhéadfadh laghdú a bheith ann ar dhíospóidí a bhaineann le praghsáil aistrithe ar fud an Aontais, chomh maith le laghdú ar chánachas dúbailte agus neamhchánachas dúbailte. Le cur chuige níos coitinne i leith praghsáil aistrithe, d'fhéadfadh laghdú a bheith ann ar chostais a bhaineann le comhlíonadh rialacha praghsála aistrithe sna Ballstáit éagsúla.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

- 1) Cuspóir: Riosca an chánachais dhúbailte agus na dlíthíochta a laghdú.

³⁹

Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Táscairí: An líon díospóidí maidir le cánachas dubailte idir na Ballstáit, atá ann mar ‘iontrálacha nua’ (tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le Praghsáil Aistrithe) i nósanna imeachta MAP agus Eadráin.

Uirlisí Tomhais: Sonraí arna mbailiú ag AS an Chánachais agus an Aontais Custaim maidir le MAPanna nua agus an líon cásanna faoin gCoinbhinsiún Eadrána agus faoin Treoir maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach.

2) Cuspóir: Méadú ar dheimhneacht chánach

Táscairí: An líon díospóidí maidir le cánachas dubailte idir na Ballstáit, atá ann mar ‘iontrálacha nua’ (tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le Praghsáil Aistrithe) i nósanna imeachta MAP agus Eadráin.

Uirlisí Tomhais: Sonraí arna mbailiú ag AS an Chánachais agus an Aontais Custaim maidir le MAPanna nua agus an líon cásanna faoin gCoinbhinsiún Eadrána agus faoin Treoir maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Tá sé d’aidhm ag an gCoimisiún dréachtghníomhartha cur chun feidhme a mholadh maidir le formhór na n- idirbheart a liostaítear in Airteagal 14 agus tuilleadh sonraíochta a sholáthar maidir leis an doiciméadacht praghsála aistrithe aonfhoirmeach a liostaítear in Airteagal 13 sna chéad 5 bliana de chur i bhfeidhm na Treorach.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE (d’fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach (*ex- ante*)

Tá prionsabal an fheidhmithe neamhspleách curtha chun feidhme ag Ballstáit uile an Aontais ina reachtaíocht intíre. Fós féin, tá difríochtaí ábhartha le sonrú i reachtaíocht intíre na mBallstát. Anuas air sin, ní hionann stádas agus ról Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ó Bhallstát go Ballstát, rud a chruthaíonn léirmhínte éagsúla ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

An breisluch ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex- post*)

De bharr na heiliminte trasteorann bunúsaí de phraghsáil aistrithe, eascraíonn breisluch rannpháirteachas an Aontais as an bhféidearthacht a bhaineann le cur chuige coiteann uile- Aontais a bhunú i leith praghsáil aistrithe as a dtiocfaidh deimhneacht chánach níos mó agus nach féidir a bhaint amach ach amháin ar leibhéal an Aontais.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá an tionscnamh reachtach nua ar leibhéal an Aontais. Ní dhéantar rialacha praghsála aistrithe a chomhchuíbhiú ar leibhéal an Aontais trí ghníomhartha reachtacha. San am a chuaigh thart, phléigh an Coimisiún le saincheistanna a bhain

le praghsáil aistrithe trí obair Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe (JTPF)⁴⁰, ar grúpa saineolaithe é arna bhunú ag an gCoimisiún in 2002 agus arbh é an ról a bhí aige réitigh phragmatacha neamhreachata a mholadh don Choimisiún ar fhadhbanna praiticiúla a bhain le cleachtais praghsála aistrithe san Aontas. Chuaigh a shainordú in éag i mí an Mhárta 2019 agus ní dhearnadh é a athnuachan.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Leis an Treoir seo léirítear ceann de na gníomhaíochtaí a leagtar síos sa 'Phlean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom agus simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh'. Chun cánachas cothrom a áirithiú, is gá mí-úsáid chánach a chosc. Sa Togra, bainfear úsáid as na nósanna imeachta, na socruithe agus uirlisí TF atá bunaithe cheana nó atá á bhforbairt faoi DAC.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Chun gníomhartha cur chun feidhme a mholadh, beidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe i réimse na praghsála aistrithe agus eagróidh sé cruinnithe chun a gcuid comhairle a lorg. D'fhéadfaí sainghrúpa buan a bhunú chun freastal ar an malartú saineolais. Beidh na costais ábhartha a bhainfidh leis na cruinnithe sin á maoiniú ó bhuiséad an Aontais.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm idir BBBB agus BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁴¹

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

⁴⁰ Féach Fóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe (JTPF) anseo: https://taxation-customs.ec.europa.eu/joint-transfer-pricing-forum_en.

⁴¹ Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Áiríteoidh an Coimisiún go mbeidh socruithe i bhfeidhm chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na hidirghabhála agus chun meastóireacht a dhéanamh uirthi i dtaca leis na príomhchuspóirí beartais.

Cuirfidh na Ballstáit sonraí faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa Tábla thuas maidir le táscairí feidhmíochta, ar táscairí iad a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an Treoir. Ós rud é go bhfuil sonraí faireacháin ar fáil, agus má mheastar é a bheith iomchuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar roinnt gnéithe a athbhreithniú sa ghníomh cur chun feidhme maidir leis an gcóras tuairiscithe.

Déanfar meastóireacht 5 bliana tar éis chur chun feidhme na Treorach, rud a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an bheartais maidir lena chuspóirí chomh maith leis na tionchair fhoriomlána i dtéarmaí feabhas a chur ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar fud an Aontais agus laghdú a dhéanamh freisin ar chánachas dúbailte agus neamhchánachas dúbailte.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

- 2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh, is rud é sin a bheidh ag brath ar údaráis inniúla (riaracháin chánach) na mBallstát.

Tar éis ghlacadh na Treorach, ní bheidh an Coimisiún rannpháirteach ach amháin chun na rialacha a ullmhú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus ní ghníomhódh sé ach amháin i gcás sáruithe ar an Treoir sin.

- 2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is iad príomheilimintí na straitéise rialaithe:

Conarthaí soláthair

Na nósanna imeachta maidir le soláthar a shainítear sa Rialachán Airgeadais: déantar aon chonradh soláthair a bhunú de réir nós imeachta bunaithe an fhíorúcháin arna dhéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin maidir le híocaíocht, agus oibleagáidí conarthacha agus bainistíocht fhónta airgeadais agus bainistíocht ghinearálta á gcur san áireamh. Déantar foráil maidir le bearta frithchialaoise (rialuithe, tuarascálacha, etc.) sna conarthaí go léir arna dtabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus na tairbhíthe. Déantar téarmaí tagartha mionsonraithe a dhréachtú agus tá siad mar bhonn le gach conradh ar leith. Cloíonn an próiseas chun glacadh le hiarratais go dlúth le modheolaíocht TEMPO Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim: déantar athbhreithniú ar tháirgí insoláthartha, déantar leasú orthu más gá agus glactar leo (nó diúltaítear dóibh) go sainráite sa deireadh. Ní féidir aon sonrasc a íoc gan ‘litir inghlacthachta’.

Fíorú teicniúil soláthair

Déanann Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim rialuithe ar tháirgí insoláthartha agus déanann sé maoirseacht ar oibríochtaí agus ar sheirbhísí a dhéanann conraitheoirí. Déanann sé iniúchtaí cáilíochta agus slándála ar a gconraitheoirí go tráthrialta. Le hiniúchtaí cáilíochta, déantar comhlíonadh phróisis iarbhír na gconraitheoirí a fhíorú de réir na rialacha agus na nósanna imeachta a shainítear ina bpleananna cáilíochta. Díreann sna hiniúchtaí slándála ar na próisis shonracha, ar na nósanna imeachta sonracha agus ar an mbunú sonrach.

I dteannta na rialuithe thuas, déanann Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim na rialuithe airgeadais traidisiúnta:

Fíorú *ex-ante* gealltanais

Déanann Ceann an Aonaid Airgeadais agus Aonad Chomhfhreagraí Gnó na nAcmhainní Daonna gealltanais uile Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim a fhíorú. Dá thoradh sin, cumhdaítear 100 % de na méideanna geallta leis an bhfíorú *ex-ante*. Leis an nós imeachta sin, tugtar ardleibhéal dearbhaithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart.

Fíorú *ex-ante* íocaíochtaí

Déantar 100 % d'íocaíochtaí a fhíorú *ex-ante*. Thairis sin, roghnaítear ar a laghad íocaíocht amháin (ó gach catagóir caiteachais) in aghaidh na seachtaine go randamach le haghaidh fíorú *ex-ante* a dhéanann ceann an Aonaid Airgeadais agus Aonad Chomhfhreagraí Gnó na nAcmhainní Daonna. Níl aon sprioc ann maidir leis an gcumhdach, toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an bhfíorú sin íocaíochtaí a sheiceáil 'go randamach' chun a fhíorú gur ullmhaíodh na híocaíochtaí uile i gcomhréir leis na ceanglais. Déantar na híocaíochtaí eile a phróiseáil de réir na rialacha atá i bhfeidhm ar bhonn laethúil.

Dearbhuithe ó na hOifigigh Údarúcháin trí Fhotharmligeán (AOSD)

Síníonn gach Oifigeach Údarúcháin trí Fhotharmligeán dearbhuithe ina dtacaítear leis an Tuarascáil Gníomhaíochta Bhliantúil le haghaidh na bliana lena mbaineann. Leis na dearbhuithe sin, cumhdaítear na hoibríochtaí a thagann faoi chuimsiú an chláir. Dearbhaíonn na hOifigigh Údarúcháin trí Fhotharmligeán go ndéantar na hoibríochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, go soláthraítear leis na córais bhainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm dearbhú sásúil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart agus go ndéantar na rioscaí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin a shainaithint agus a thuairisciú go cuí agus go gcuirtear gníomhaíochtaí maolaithe chun feidhme.

- 2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Leis na rialuithe a bunaíodh, cuirtear ar a cumas d'Ard- Stiúrtóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim dearbhú leordhóthanach a bheith aici maidir le cáilíocht agus rialtacht an chaiteachais agus an riosca neamhchomhlíontachta a laghdú. Leis na bearta thuas maidir le straitéis rialaithe, laghdaítear na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi bhun na sprice 2 % agus bíonn tionchar acu ar na tairbhíthe uile. Dá ndéanfaí aon bheart breise chun rioscaí a laghdú a thuilleadh, is é a thiocfadh as costais arda a bheadh díréireach agus, dá bhrí sin, ní bheartaítear iad. Na costais fhoriomlána a bhaineann le cur chun feidhme na straitéise rialaithe thuas – le haghaidh gach caiteachas faoin gclár Fiscalis – tá siad teoranta do 1.6 % d'iomlán na n- íocaíochtaí a dhéantar. Meastar go bhfanfaidh sé ag an gcóimheas céanna le haghaidh an tionscnaimh seo. Leis an straitéis rialaithe cláir, is beag nach dteorannaítear an riosca neamhchomhlíontachta go hiomlán agus leanann sí de bheith comhréireach leis na rioscaí bainteacha.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n- áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle⁴ d'fhonn a shuí cé acu a bhí nó nach raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile ann a dhéanfaidh difear do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó conradh arna chistiú faoin Rialachán seo.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir 03 04 0100	LD/LN ⁴²	ó thíortha de chuid CSTE ⁴³	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ⁴⁴	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	Feabhas a chur ar fheidhmiú cuí na gcáinchóras	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ^a	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁴² LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴³ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴⁴ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannnteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	03 04 0100
---	--------	------------

Ard-Stiúrthóireacht: An Cánachas agus an tAontas Custaim			Bliain 2025 ⁴⁵	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí									
Líne bhuiséid ⁴⁶	Gealltanais	(1a)	0,065	0,065	0,065				0,195
	Íocaíochtaí	(2a)	0,065	0,065	0,065				0,195
Líne buiséid	Gealltanais	(1b)							
	Íocaíochtaí	(2b)							
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁴⁷									
Líne buiséid		(3)							
IOMLÁN leithreasuithe d'AS an Chánachais agus an Aontais Custaim	Gealltanais	=1a+1b+3	0,065	0,065	0,065				0,195
	Íocaíochtaí	=2a+2b	0,065	0,065	0,065				0,195

⁴⁵ Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

⁴⁶ De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

⁴⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

		+3								
--	--	----	--	--	--	--	--	--	--	--

○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
○ IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4+ 6								
	Íocaíochtaí	= 5+ 6								

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	= 4+ 6								
	Íocaíochtaí	= 5+ 6								

Ceannideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

Ba cheart an chuid seo a líonadh isteach ag úsáid na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais), agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS an Chánachais agus an Aontais Custaim									
○ Acmhainní daonna		1.026	1.026	1.026					3,078
○ Caiteachas riaracháin eile		0.052	0.052	0,52					0,156
FORIOMLÁN AS AN CHÁNACHAIS AGUS AN AONTAIS CHUSTAIM	Leithreasuithe	1,078	1,078	1,078					3,234

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1,078	1,078	1,078					
--	--	-------	-------	-------	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N ⁴⁸	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1,143	1,143	1,143					3,429
	Íocaíochtaí	0,065	0,065	0,065					0,195

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál ⁴⁹	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁵⁰ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		

⁴⁸ Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

⁴⁹ Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

⁵⁰ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir(i) sonracha(a)...’

- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2025 ⁵¹	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	------------------------------	----------------	----------------	--------	--	--------

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	1.026	1.026	1.026					3,078
Caiteachas riaracháin eile	0.052	0.052	0.052					0,156
Fo- iomlán CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	1,078	1,078	1,078					3,234

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7⁵² den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	1,078	1,078	1,078					3,234
---------------	--------------	--------------	--------------	--	--	--	--	--------------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrtóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁵¹ Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

⁵² Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain	Bliain	Bliain	Iomlán
O Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)							
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	6	6	6				6
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)							
01 01 01 01 (Taighde indíreach)							
01 01 01 11 (Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
O Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁵³							
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')							
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 xx yy zz ⁵⁴	- sa cheanncheathrú						
	- i dtoscaireachtaí						
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN	6	6	6				6

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Cruinnithe a ullmhú agus comhfhreagras a dhéanamh leis na Ballstáit, na gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú, na cruinnithe le saineolaithe a eagrú, rannpháirt a ghlacadh i gcrúinnithe ECFE. Níl na hacmhainní is gá ag AS an Chánachais agus an Aontais Custaim faoi láthair agus, dá réir sin, níor mhór FTEanna breise a chur leis an mbuiséad do AS an Chánachais agus an Aontais Custaim amach anseo.
Pearsanra seachtrach	

⁵³ AC= Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁵⁴ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh cén t-athshannadh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás mór-athshannadh.

- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ⁵⁵	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhainithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhainithe								

⁵⁵

Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁵⁶						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

⁵⁶

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.